Ireland East Hospital Group	Cappagh National Orthopaedic Hospital	579	552	369	238	45	23	7	1813
	Mater Misericordiae University Hospital	1721	1325	1036	638	476	341	304	5841
	Midland Regional Hospital Mullingar	137	63	33	4				237
	Our Lady's Hospital Navan	389	145	57	16	4		1	612
	Royal Victoria Eye and Ear Hospital	861	626	452	324	213	25	32	2533
	St. Columcille's Hospital	192	22	3					217
	St. Luke's General Hospital Kilkenny	316	165	85	94	59	16	2	737
	St. Michael's Hospital Dun Laoghaire	274	166	91	82	64	27	2	706
	St. Vincent's University Hospital	994	464	349	232	112	55	47	2253
	Wexford General Hospital	161	50	9	3				223
RCSI Hospitals Group	Beaumont Hospital	2159	1591	1080	660	302	80	164	6036
	Cavan General Hospital	407	101	61	17				586
	Connolly Hospital	644	304	231	81	9	1	1	1271
	Louth County Hospital	341	150	39	5				535
	Our Lady of Lourdes Hospital Drogheda	411	239	129	50				829
Saolta University Health Care Group	Galway University Hospital	3379	2137	1784	1534	945	583	1204	11566
	Letterkenny General Hospital	790	635	475	333	261	134	81	2709
	Mayo General Hospital	784	499	238	79	28	14	30	1672
	Portiuncula Hospital	142	74	22	23	5			266
	Roscommon Hospital	484	402	282	300	267	163	143	2041
	Sligo Regional Hospital	1207	700	491	401	277	159	143	3378

Inpatient & Day Case Waiting List Total December 2017									
South/ South West Hospital Group	Bantry General Hospital	11	4						15
	Cork University Hospital	577	267	196	120	125	72	140	1497
	Cork University Maternity Hospital	122	80	86	71	20	15	31	425
	Kerry General Hospital	108	25	14	6				153
	Lourdes Orthopaedic Hospital Kilcreene	316	46	9	3				374
	Mallow General Hospital	72	40	46	14	11			183
	Mercy University Hospital	595	299	179	101	75	35	30	1314
	South Infirmary Victoria University Hospital	1310	749	337	187	71	42	33	2729
	South Tipperary General Hospital	180	28	41	1				250
	University Hospital Waterford	1824	1147	971	919	589	303	438	6191
University of Limerick Hospital Group	Croom Orthopaedic Hospital	229	27	4	1		1		262
	Ennis Hospital	321	105	71	80	73	81		731
	Nenagh Hospital	359	236	120	171	17	6		909
	St. John's Hospital Limerick	421	227	170	131	76	18		1043
	University Hospital Limerick	890	521	326	349	268	135	165	2654
Grand Total		**28926**	**17499**	**12520**	**9138**	**5729**	**3161**	**4495**	**81468**

Inpatient & Day Case Speciality (Top 10) Dec 2017:



Inpatient & Day Case Breakdown by Group December 2017:



Inpatient Waiting List Totals 2013-2017:



G.I Scope % December 2017:



G.I Scope Breakdown by Group December 2017:



G.I. Scope Waiting List December 2017



GI Scope Waiting List Total December 2017									
Group	Hospital	0-3 Months	3-6 Months	6-9 Months	9-12 Months	12-15 Months	15-18 Months	18+ Months	Grand Total
Children's Hospital Group	Childrens University Hospital Temple Street								
	Our Lady's Children's Hospital Crumlin	119	73	36	9	5			242
	Tallaght Children's Hospital	41	31	2					74
Dublin Midlands Hospital Group	Midland Regional Hospital Portlaoise	103	68	44	33	8			256
	Midland Regional Hospital Tullamore	176	74	44	21	5	1		321
	Naas General Hospital	288	269	299	203	37	19	53	1168
	St. James's Hospital	740	27	28	16		1		812
	Tallaght Hospital	713	563	115	14	4	1		1410
Ireland East Hospital Group	Mater Misericordiae University Hospital	13	6	6	1	1			27
	Midland Regional Hospital Mullingar	283	25						308
	Our Lady's Hospital Navan	83		1					84
	St. Columcille's Hospital	6	3	1					10
	St. Luke's General Hospital Kilkenny	366	186	104	86	35	24		801
	St. Michael's Hospital Dun Laoghaire	369	350	147	19	4			889
	St. Vincent's University Hospital	183	2						185
	Wexford General Hospital	206	120	70	16				412
RCSI Hospitals Group	Beaumont Hospital	649	81	1					731
	Cavan General Hospital	256							256
	Connolly Hospital	549	173	1					723
	Louth County Hospital	429	58						487
	Our Lady of Lourdes Hospital Drogheda	140	1						141
Saolta University Health Care Group	Galway University Hospital	789	435	309	249	46	44	82	1954
	Letterkenny General Hospital	526	322	162					1010
	Mayo General Hospital	182	74	38	45	4	3	2	348
	Portiuncula Hospital	89	4						93
	Roscommon Hospital	82							82
	Sligo Regional Hospital	354	52	9					415

GI Scope Waiting List Total December 2017									
South/ South West Hospital Group	Bantry General Hospital	116							116
	Cork University Hospital	80	31	20	4	1		2	138
	Kerry General Hospital	260	4						264
	Mallow General Hospital	72	22	3					97
	Mercy University Hospital	258	113	54	11	8		1	445
	South Infirmary Victoria University Hospital	104	14						118
	South Tipperary General Hospital	305	40	1					346
	University Hospital Waterford	217	150	152	85				604
Univer-sity of Limerick Hospital Group	Ennis Hospital	210	25	4					239
	Nenagh Hospital	214	113	4					331
	St. John's Hospital Limerick	184	141	35	3				363
	University Hospital Limerick	500	438	231	118	31			1318
Grand Total		10254	4088	1921	933	189	93	140	17618

G.I. Scope Waiting List Totals 2011-2017:



Outpatient Waiting List Total December 2017									
Group	Hospital	0-3 Months	3-6 Months	6-9 Months	9-12 Months	12-15 Months	15-18 Months	18+ Months	Grand Total
Children's Hospital Group	Childrens University Hospital Temple Street	3839	2685	2235	1771	1469	1219	3355	16573
	Our Lady's Children's Hospital Crumlin	4820	2941	1980	1557	1365	1362	3801	17826
	Tallaght Children's Hospital	1664	1223	1164	1079	837	484	828	7279
Dublin Midlands Hospital Group	Coombe Women and Infants University Hospital	598	551	445	425	443	324	72	2858
	Midland Regional Hospital Portlaoise	1622	1194	787	526	262	161	77	4629
	Midland Regional Hospital Tullamore	3384	2427	2188	1802	1304	1082	3138	15325
	Naas General Hospital	2377	1341	1026	670	527	470	1206	7617
	St. James's Hospital	7309	3310	2075	1361	835	507	1432	16829
	Tallaght Hospital	6603	4775	3465	2937	2392	1930	4706	26808
Ireland East Hospital Group	Cappagh National Orthopaedic Hospital	887	345	315	209	121	92	4	1973
	Mater Misericordiae University Hospital	10084	6820	4555	3510	2813	2149	4122	34053
	Midland Regional Hospital Mullingar	2488	1883	1360	643	383	247	652	7656
	Our Lady's Hospital Navan	1589	1304	1070	679	473	237	233	5585
	Royal Victoria Eye and Ear Hospital	2204	1487	1375	1311	1184	1124	3412	12097
	St. Columcille's Hospital	794	421	369	224	261	161	742	2972
	St. Luke's General Hospital Kilkenny	1875	605	247	143	64	19	1	2954
	St. Michael's Hospital Dun Laoghaire	1282	615	294	152	105	67	55	2570
	St. Vincent's University Hospital	7660	3413	2650	2011	1051	712	1234	18731
	Wexford General Hospital	1318	587	201	43	14			2163
RCSI Hospitals Group	Beaumont Hospital	8280	4972	3599	2773	1782	1493	3190	26089
	Cavan General Hospital	2201	1714	1673	940	647	555	955	8685
	Connolly Hospital	4021	2297	1377	1002	811	572	1440	11520
	Louth County Hospital	924	617	394	253	68	9	9	2274
	Our Lady of Lourdes Hospital Drogheda	4048	2812	2469	1375	827	388	818	12737
	Rotunda Hospital	1675	924	614	508	250			3971
Saolta University Health Care Group	Galway University Hospital	12469	6723	5074	4014	2897	2372	4855	38404
	Letterkenny General Hospital	4072	2840	2228	1635	1064	831	1830	14500
	Mayo General Hospital	2708	1091	710	645	628	569	2170	8521
	Portiuncula Hospital	1463	800	590	388	235	143	69	3688
	Roscommon Hospital	937	326	312	282	231	217	578	2883
	Sligo Regional Hospital	4442	2808	1681	1245	877	546	810	12409

Outpatient Waiting List Total December 2017									
South/ South West Hospital Group	Bantry General Hospital	672	302	140	64	14	3		1195
	Cork University Hospital	7648	4403	3317	2888	1956	1015	2250	23477
	Cork University Maternity Hospital	1092	655	527	543	454	247	274	3792
	Kerry General Hospital	2467	1939	1510	962	801	610	1439	9728
	Mallow General Hospital	879	586	353	343	219	155	136	2671
	Mercy University Hospital	1900	929	651	555	305	234	516	5090
	South Infirmary Victoria University Hospital	6085	3159	2933	2467	1681	1568	4163	22056
	South Tipperary General Hospital	1532	729	414	204	176	163	200	3418
	University Hospital Waterford	7875	5128	4418	3899	3283	2792	8842	36237
University of Limerick Hospital Group	Croom Orthopaedic Hospital	1161	974	851	735	596	634	1952	6903
	Ennis Hospital	355	283	234	239	108	56	122	1397
	Nenagh Hospital	317	188	172	100	162	50	76	1065
	St. John's Hospital Limerick	539	297	119	60	50	13	1	1079
	University Hospital Limerick	8449	5234	4526	3618	2559	1988	4139	30513
Grand Total		150608	90657	68687	52790	38584	29570	69904	500800

Outpatient by Speciality December 2017 (Top 10):



Outpatient Waiting List by Hospital December 2017



Outpatient Breakdown by Group December 2017:



Outpatient Waiting List Totals 2013-2017



Appendix 3 – Annual Protected Disclosures

There were nil protected disclosures in 2017.

Tacú le feabhas are fheidhmíocht chun othair a chóireáil níos tapúla

Tuarascáil Bhliantúil 2017

ntpf
an ciste náisiúnta um cheannach cóireála
the national treatment purchase fund

Clár Ábhar

1.	**Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach**	**3-5**
2.	**Maidir leis an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála**	
2.1	Réamhrá agus Sainordú	6
2.2	Ráiteas Misin agus Luachanna Corparáideacha	6
3.	**An Rialachas agus an Bhainistíocht**	
3.1	An Bord	7-10
3.2	Cruinnithe an Bhoird	11
4.	**Cuspóirí Straitéiseacha, cinn bainte amach san áireamh**	
4.1	Cuspóirí Straitéiseacha	12
4.2	Struchtúr na hEagraíochta	13
4.3	Achoimre ar na Spriocanna atá Bainte Amach idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2017	14
5.	**Gníomhartha de réir Stiúrthóireachta**	
5.1	Stiúrthóireacht na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide	15
5.2	An Stiúrthóireacht Iniúchta, Ráthaithe Caighdeáin agus Taighde	16-19
5.3	An Stiúrthóireacht Airgeadais agus an Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais	20-23
	› Ag Coimisiúnú Sonraí maidir le Gníomhaíocht	20-21
5.4	Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha	24
5.5	Stiúrthóireacht na Nuálaíochta maidir le Próisis	25-27
6.	**Aguisíní**	
	Aguisín i: Ráitis Airgeadais Bliantúla 2017	29-51
	Aguisín ii: Staidreamh Liostaí Feithimh	52-63
	Aguisín iii: Nochtuithe Cosanta Bliantúla	64

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

John Horan, Cathaoirleach

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2017 a chur i láthair thar ceann Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC).

Bunaíodh an CNCC in 2004 mar ghníomhaireacht neamhspleách faoi choimirce na Roinne Sláinte chun cuidiú leis an iarracht chun na hagaí feithimh d'othair cóireáil leighis a fháil sna hospidéil sa tír seo, a bhí rófhada le bheith sásúil, a laghdú Le himeacht na blianta, tá athrú tagtha ar an ról agus ar an bhfeidhm atá ag an CNCC, agus cé go bhfuiltear tar éis an ról atá againn maidir le coimisiúnú díreach cóireála othar a 'tharraingt siar' le cúpla bliana anuas fós tá an cuspóir atá ann díreach mar a chéanna is mar a bhí riamh - chun tacú le cóireáil níos tapa a chur ar fáil d'othair.

Mar sin, ba chúis sásaimh dó don Bhord go ndearna an tAire Sláinte, Simon Harris Plean Gníomhaíochta agus Straitéiseach 2017 - 2019 don eagraíocht a fhormhuiniú agus a sheoladh ag tús 2017. Ina theannta sin cuireadh fáilte san CNCC roimh an gcinneadh chun an ról coimisiúnaithe a bhí ag an CNCC tráth dá raibh ar bhonn an othair aonair a thabhairt ar ais dúinn, agus don mhaoiniú a bhaineann leis a cuireadh ar fáil in 2017 agus arís in 2018. Leagtar amach sa doiciméad Straitéise conas a dhéanfaimid comhlíonadh leis an sainordú misin atá againn faoi láthair agus san am céile an deis a thapú as an taithí shuntasach atá ar fáil sa CNCC chun réimsí seirbhísí níos leithne a chur ar fáil.

Tá sé chuspóir straitéiseacha leagtha amach sa Phlean Staitéiseach agus Gníomhartha, 2017 - 2019, a bhaineann le:

1. **Eagrú agus praghas an chúraim d'ardchaighdeán**
2. **An inbhuaine a dheimhniú d'earnáil an chúraim chónaithe fhadtréimhsigh.**
3. **Faisnéis maidir le liostaí feithimh atá ar cháilíocht dearbhaithe a fhoilsiú agus a roinnt.**
4. **Uirlisí feabhsaithe feidhmíochta a fhorbairt le haghaidh bealaí cóireála d'othair.**
5. **Sainchomhairle a chur ar fáil don tseirbhís sláinte poiblí maidir leis na bealaí cóireála sin.**
6. **Áirithigh go bhfuil an córas oibríochtúil atá againn oiriúnach don fheidhm atá againn.**

Rinneadh an dear nua a chur leis an struchtúr oibríochtúil, ina bhfuil cúig rannóg lárnacha aitheanta, atá i bhfeidhm san CNCC ar mhaithe le freastal ar na sé chuspóir straitéiseacha sin - An Stiúrthóireacht Airgeadais, Stiúrthóireacht na Nuálaíochta maidir le Próisis, An Stiúrthóireacht Iniúchta, Ráthaithe Caighdeáin agus Taighde, Stiúrthóireacht an TFC agus Seirbhísí Corparáideacha. Ní amháin go bhfuil na cúig rannóg seo ag freastal ar na príomhghníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Straitéise agus Gníomhaíochta ach, anuas air sin, ar shainorduithe breise de réir mar a iarrann an tAire Sláinte.

B'údar gliondar dom glacadh leis an ainmniúchán a rinne an tAire Harris orm leanúint ar aghaidh sa ról atá agam mar Chathaoirleach ar an CNCC le linn 2017. Ina theannta sin, ba mhian liom fáilte a chur roimh na comhaltaí boird nua a ceapadh iad le linn na bliana agus buíochas a ghabháil leis na comhaltaí boird atá chun an bord a fhágáil as an tsárobair atá déanta acu ar son na heagraíochta.

Ba mhian liom an deis seo a ghlacadh buíochas a ghabháil leis na comhghleacaithe go léir atá agam ar an mBord, chomh maith leis an bhFeidhmiúchán agus foireann an CNCC as an obair dhian, leanúnach a dhéanann siad, agus as a gcuid tiomantais, leis. Ba mhian liom suntas a dhéanamh don saothrú atá déanta ag Liam Sloyan ar ceapadh é mar Phríomhfheidhmeannach ar an CNCC le linn 2017. Tá taithí agus saineolas fairsing ag Liam a bhfuil á dtabhairt aige go dtí an ról seo agus táthar tar éis a dheimhniú go bhfuil an eagraíocht ag baint amach na spriocanna dúshlánacha atá beartaithe dúinn de bharr an méid a bhfuil curtha aige leis an eagraíocht. Tá comhaltas an Bhoird ag súil go mór le bheith ag leanúint ar aghaidh ag obair leis chun tairiscint níos leithne de sheirbhísí a iarraidh tríd an saineolas iomlán atá ar fáil san CNCC.

Mar bhuille scoir, ba mhian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an Aire Harris agus leis an Roinn Sláinte as an tacaíocht agus as an gcúnamh leanúnach atá ar fáil dúinn uathu. Tá an CNCC tiomanta do bheith ag tacú leis agus ag obair in éineacht le geallsealbhóirí eile atá dírithe ar na huaireanta feithimh a laghdú ar fud na seirbhísí sláinte de réir mar atá beartaithe sa Chlár le haghaidh Rialtais Chomhpháirtíochta, 2016.

John Horan
Cathaoirleach

Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach

Liam Sloyan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Réamhrá

Tháinig seoladh Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an CNCC 2017 - 2019 sa siompóisiam náisiúnta againn in Eanáir 2017 ag tús bliain an-ghnóthach don CNCC. Táthar tar éis a lán buanna a bheith bainte amach againn thar gach aon cheann de na réimsí feidhme príomhacha dar gcuid bunaithe ar an bhfís straitéiseach atá againn tacú le próisis a fheabhsú chun othair a chóireáil níos tapúla.

An Stiúrthóireacht Airgeadais agus an Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais

Sa bhliain faoi mheas chonacthas tús a bheith curtha den athuair leis an ról atá againn socruithe a bheartú don chóireáil d'othair atá ag feitheamh le tréimhsí fada. Thosaigh leis an obair atá déanta ag an CNCC tionchar a bheith aici ar na liostaí feithimh ó lár 2017 amach agus chuir sé sin leis an laghdú atá tagtha ar an líon iomlán de na hothair atá ar liosta feithimh d'othair chónaitheacha/lae beo síos ó 86,111 go dtí 81,468 faoi dheireadh bliana. San iomlán, le linn 2017, bhí 9,500 ann a ghlac le tairiscintí ar chóireáil maoinithe ag an CNCC. Tá an treocht seo lena bhfuil laghdú ag teacht ar an liosta feithimh le haghaidh gnáthamh máinliachta tar éis leanúint ar aghaidh in 2018 de réir mar a choinnítear ag socrú cóireálacha sa CNCC.

Chomh maith leis sin, táthar ag leanúint leis sa CNCC cúram na heagraíochta maidir leis an Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais a chur i bhfeidhm. Ag deireadh 2017, bhí comhaontas déanta ag 431 teach altranais san iomlán maidir le socruithe i leith praghsála leis an CNCC.

Stiúrthóireacht an TFC

Ní amháin go bhfuil sé bunriachtanach go mbeidh tuairisciú comhsheasmhach náisiúnta ar liostaí feithimh ar mhaithe le hobair an CNCC, ach don bhainistíocht sa chóras ospidéal iomlán chomh maith. Déantar próiseáil ar bhreis is 12 mhilliún taifead de chásanna Cónaitheach / Othar Lae agus de 26 milliún thaifead Othar Seachtrach sa mhí chun breis is 1,400 tuairisc a áireamh chun bainistíocht agus tuairisciú poiblí a dhéanamh ar liostaí feithimh. Bíonn an rannóg TFC ag obair gan stad chun cur leis cáilíocht na sonraí atá ar fáil maidir leis seo.

An Stiúrthóireacht Iniúchta, Ráthaithe Caighdeáin agus Taighde

Tar éis dóibh iarraidh a fháil ón Aire Sláinte, Simon Harris, amhlaidh a dhéanamh, rinne an stiúrthóireacht iniúchadh ar na hospidéil a tháinig chun solais agus ar na cásanna ar leith a rinneadh scrúdú orthu sa chlár de chuid RTE Investigates dar teideal "Living on the List" a craoladh é ar an 6 Feabhra 2017. Ba é cuspóir an iniúchta seo ná chun cur leis an gcumarsáid agus an comhlíonadh le prótacail ábhartha in ospidéil.

D'aighníodh tuairiscí indibhidiúla d'othair ar leith agus don Aire. Rinne an tAire Harris tuairiscí ar ospidéil indibhidiúla agus ar an scéal ginearálta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne Sláinte i nDeireadh Fómhair 2017.

Rinne an stiúrthóireacht taighde neamhspleách ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir leis an mbainistíocht agus an tuairisciú ar liostaí feithimh d'othair chónaithe, d'othair lae, d'othair sheachtracha agus d'othair a bhfuil gnáthamh beartaithe dóibh. Táthar ag déanamh an taighde seo i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Aonad na Nuálaíochta maidir le Próisis

Bhí Aonad na Nuálaíochta maidir le Próisis sa CNCC ag dul chun tosaigh agus ag cur sraith de leasuithe mórscála nua agus tionscnaimh um fheabhsuithe próiseas i bhfeidhm in Earnáil na Sláinte trí idirbheartaíocht thras-chórais, agus trí thairbhe a ghlac as roinnt modhanna a bhfuil sé cruthaithe go bhfeidhmíonn siad. In 2017 cuireadh prótacal nua i gcrích, Prótacal Náisiúnta um Bainistíocht ar Liostaí Feithimh maidir le hOthair Chónaithe, Othair Lae agus Othair a bhfuil Gnáthamh Beartaithe Dóibh, lena raibh clár oiliúna ag baint leis ar ghlac 270 ball foirne cúraim sláinte ó gach cearn den earnáil páirt ann.

Ina theannta sin, tar éis don Aire Sláinte, Simon Harris, iarraidh a dhéanamh ina leith, rinne an CNCC cathaoirleacht ar fhoireann gheallsealbhóirí agus saineolaithe ó réimsí éagsúla den chóras sláinte chun Tuairisc a ullmhú agus a aighniú ar *"Measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo cur chuige níos comhtháite i leith an bhainistíocht ar liostaí feithimh ar bhonn an ghrúpa ospidéil."*

Seirbhísí Corparáideacha

Chuir an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha leis an obair seo le linn 2017, agus bhí sí ina tacú léi leis, trí straitéisí a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an fheidhmíocht agus foireann cumasach tiomanta a chothú agus a éascú sa CNCC. Mar ghné bunriachtanach den straitéis chun an Plean Straitéiseach agus Gníomhaíochta a réadú, caithfidh an CNCC a áirithiú go bhfuil an líon daoine cumasacha, agus scileanna acu, gurb éigean dúinn a bheith againn.

Conclúid

Dúshlán ríthábhachtach don Stát Éireannach is é an fhadhb maidir le rochtain ar cóireáil ospidéil poiblí. Feidhmíonn an CNCC go dlúth i gcomhar lena chomhlachaithe sa Chóras Sláinte Éireannach chun an dúshlán seo a shárú trí fheabhas a chur ar phróisis agus trí chóireála a réiteach le haghaidh othar ar leith. Le linn 2017, ba é príomhfhócas obair an CNCC le cúram ospidéil a shocru ar othair a bhí ag fanacht le haghaidh máinleachta. Faoin am seo, tá tionchar dá bhfuil déanta ag an CNCC le brath ar na liostaí feithimh d'obráidí, atá ag dul i léig.

Mar bhuile scoir, ba mhian liom suntas a dhéanamh don dianobair atá déanta ag an mBord agus ag foireann an CNCC, agus don tsaintaithí atá ar fáil orthu, agus ba mhian liom chomh maith buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe atá lonnaithe ar fud an chórais sláinte as a gcuid comhoibrithe agus tacaíochta.

Maidir leis an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

2.1 Réamhrá agus Sainordú

Rinneadh an CNCC a bhunú le hIonstraim Reachtúil I.R. Uimh. 179 de 2004 - An tOrdú fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004.

Is iad príomhfheidhmeanna an CNCC ná:

- Socruithe a chur i mbun le daoine, bíodh siad sin ina gcónaitheoirí sa Stát seo nó i dtír eile, le cóireáil ospidéil a chur ar fáil do na haicmí áirithe de dhaoine de réir mar a bheartaíonn an tAire, ó am go ham;
- Faisnéis a bhaineann le daoine atá ag feitheamh ar chóireáil ospidéil a bhailiú, a thiomsú agus a dhearbhú, agus chun córais faisnéise agus gnásanna a chur i bhfeidhm chun na críche sin;
- Comhairle a thabhairt don Aire de réir mar a bhíonn gá leis, nó ar a thionscnaimh féin, ar ábhair a bhaineann lena fheidhmeanna faoin alt seo;
- Aon cúram eile a fheidhmiú a bhaineann le ceannachán fearais ospidéil a tharlaíonn sé go dtugann an tAire dó, ó am go céile.

Ina theannta sin, cuireadh leasú leis an Ordú Bunaithe leis an Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009 chun an cuspóir bhreise seo leanas a chur leo:

- Socruithe a dhéanamh le duine a mheasann sé a bheith oiriúnach, agus é ina úinéir de theach altranais, maidir leis an bpraghas ar a gcuirfear seirbhísí cúraim chónaithe fhadthréimsigh ar fáil do dhaoine a bhfuil a leithéid de sheirbhísí de dhíth orthu, agus a bhfuil cúnamh airgeadais ar fáil acu de réir an Achta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009;

2.2 Ráiteas Misin agus Luachanna Corparáideacha

Is é Misean an CNCC ná soláthraithe agus maoinitheoirí seirbhíse sláinte poiblí a chumhachtú, agus luach a chur leis na seirbhísí sin, trí na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- Dearbhú agus fíorúchán neamhspleách den fhaisnéis a bhaineann le liostaí feithimh agus de na próisis atá i gceist leis an gcóireáil othar
- Sain-idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le praghsanna agus tacaíocht a thabhairt maidir le tionscnamh ceannacháin nuair atáthar ag aimsiú seirbhísí sláinte.

Tá na luachanna corparáideacha taobh thiar den obair go léir a dhéanann an CNCC:

An Sármhaitheas:

Táimid tiomanta do sheirbhísí den chaighdeán is airde a chur ar fáil, seirbhísí atá nuálaíoch agus comhtháite, agus bród a bheith orainn as na seirbhísí sin a chuirimid ar fáil. Déanaimid cinnte de gur réitigh inbhuanaithe a bheidh iontu, agus an tseirbhís sláinte ag athrú go leanúnach;

An Chomhpháirtíocht, an tSlánchúis & an Cóimheas

Déanfaimid dianiarracht i gcónaí obair i gcomhpháirtíocht leis na geallsealbhóirí atá againn, lena n-áirítear othair, an fhoireann, an Rialtas agus soláthraithe cúraim shláinte, agus meon ann lán comhairliúcháin, comhoibrithe agus slánchúise laistigh de chultúr den chóimheas, chun cur leis an luach atá sa chóras sláinte poiblí;

An Neamhspleáchas, an Chuntasacht agus an Fheagracht:

Déanfaimid a áirithiú go gcoimeádfar an eagraíocht a bheith neamhspleách mar ghníomhaireacht reachtúil agus go bhfuilimid cuntasach mar is oiriúnach, agus freagrach as na cinntí a dhéanaimid, trí tréancheannaireacht a chur i bhfeidhm.

Rialachas agus Bainistíocht

3.1 An Bord

Feidhmíonn Bord an CNCC ar aon dul leis na treoirlínte atá leagtha amach in "*Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú - Lúnasa 2016*" CNCC a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sna gníomhaíochtaí dá chuid féin agus sa tslí ina n-úsáideann sé a gcuid coistí.

Tá freagrach ar an mBord, ar fad a chéile, as stiúir agus ceannaireacht a thabhairt i leith gníomhaíochtaí reachtúla an CNCC. Roinneann an Bord na dualgais chun an pholasaí don bhfeidhmeannach a chur i bhfeidhm faoi mhaoirseacht an Bhoird.

Ar aon dul le hAlt 5 den ordú bunaithe, rinne an tAire Sláinte Bord reatha an CNCC a cheapadh ar an 28 Feabhra 2017.

Comhaltaí an Bhoird

John Horan (Cathaoirleach)

Ceapadh John Horan ina Chathaoirleach ar an CNCC in 2010 tar éis dó a bheith ina Stiúrthóir ar an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta.

Roimhe sin bhí róil éagsúla aige i nGrúpa Aer Lingus le breis is 23 bhliain anuas, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Chónaidhm Óstán na hÉireann ar feadh seacht mbliana, agus ar Thréidliacht Éireann ar feadh deich mbliana. Is Comhalta Oinigh Saoil é den Eagraíocht Náisiúnta don Ghairm Thréidliachta anois. Rinne sé ionadaíocht ar son na hearnálacha seo le blianta fada anuas ar Chomhairlí agus ar Bhoird i raon d'eagraíochtaí Náisiúnta agus Eorpacha.

Is comhalta é atá ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann ar an mBinse Achomhairc Fostaíochta agus táCéim Mháistir Eolaíochta sa Chleachtas Bainistíochta aige – MSC (Mgmt) – ó Choláiste na Tríonóide.

Patricia Byron

D'oibrigh Patricia mar fheidhmeannach sinsearach san earnáil árachais agus in earnáil na seirbhísí airgeadais atá gaolmhar leis le blianta fada anuas. Ba ise an chéad duine le bheith ina POF ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP), comhlacht stáit neamhspleách a bunaíodh é in 2004 chun leasú a chur leis an gcóras costasach a bhí ann d'éilimh chun díobháil phearsanta a ghnóthú. Ina cháilíocht mar Chathaoirleach ar an mBiúró Árachóirí Mótar na hÉireann, chuir sí clár athchóirithe i bhfeidhm, inar dhírigh sí ar an athrú ó bhonn agus ar an éifeachtúlacht i gcuideachtaí.

Ina cáilíocht mar Chathaoirleach ar Chomhlachas na bPríomhfheidhmeannach ar Chomhlachtaí Stáit, ghlac sí páirt ghníomhach i roinnt tionscal fairsing athchóirithe san earnáil phoiblí. Ón am a d'fhág sí an BMDP in 2015, rinne sí ceannaireacht ar chlár um Athbhreithniú Straitéiseach ag na Siurbhéirí Cairte in Éirinn. Tá sí ag freastal ar Choimisiúin an Bhainc Cheannais faoi láthair, mar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách don Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha agus do ComReg chomh maith.

Céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, is í Patricia, Árachóir Cairte leis, chomh maith le bheith ar an gcéad Uachtarán Baineann ar na hInstitiúide um Árachas.

Bernadette Costello

Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn is í Bernadette Costello, agus tá sí ina Stiúrthóir ar an Iniúchóireacht Inmheánach & Bainistíocht ar Rioscaí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is fairsing an taithí atá aici sa chuntasaíocht airgeadais agus bainistíochta, san iniúchóireacht inmheánach, sa bhainistíocht ar rioscaí, sa rialachas corparáideach agus i réimsí eile gaolmhara leo uile.

D'fhreastail sí Chomhairle Chuntasóirí Cairte na hÉireann, agus is Iar-Chathaoirleach í ar Choiste Iniúchóireachta, ar Choiste um Idirnascadh Comhaltaí agus ar Choiste um an Earnáil Phoiblí de chuid Cuntasóirí Cairte Éireann.

Chomh maith leis sin, bhí sí ina comhalta agus ina hIar-Chathaoirleach ar Bhord Teicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann, agus ar Bhord an Oideachais agus Scrúduithe. Anuas air sin uile, is comhalta í ar an gCoiste um Ráthú Caighdeáin agus Riosca de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) agus de Choiste Iniúchóireachta Grúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta. Tá Céim Baitsiléara Tráchtála agus Ardteastas san Oideachas aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Patrick Gibbons

Tá Patrick Gibbons tar éis freastal mar chomhalta de chuid Bhoird an CNCC agus mar chomhalta dá Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ón tráth a ceapadh é den chéad uair, in 2014.

Agus é ina Aturnae, mar shlí bheatha, is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách lánaimseartha é Patrick agus freastalaíonn sé ar bhoird do sheirbhísí airgeadais, san earnáil stáit agus ar chomhlacht trasteorann, agus ar roinnt Choistí Iniúchóireachta & Riosca sna heagraíochtaí sin.

Roimhe seo, chaith Patrick roinnt mhaith dá ghairm ag déanamh speisialtóireachta sa chomhlíonadh dleathach agus rialála, sa rialachas corparáideach agus sa bhainistíocht ar rioscaí i róil sinsir a bhí aige i roinnt cuideachtaí idirnáisiúnta sna seirbhísí airgeadais.

James Melly

Sainchomhairleoir Bainistíochta is ea James Melly a dhéanann speisialtóireacht sa Chultúr Eagraíochta agus san Athrú Eagraíochta agus tá taithí aige in a lán earnálacha gnó agus eagraíochtaí, lena n-áirítear gníomhaireachtaí de chuid Sheirbhís na Sláinte.

B'fheidhmeannach sinsearach é in Aer Lingus, agus le linn na tréimhse sin d'fhreastail sé mar Stiúrthóir ar chuideachta de chuid an Ghrúpa agus ina POF ar chuideachta brainse de chuid Aer Lingus chomh maith. Ceapadh é mar cheann ar an bhfeidhm bhainistíochta pearsanra i nGrúpa Aer Lingus agus stiúir sé cláir athraithe suntasacha le linn dó an cúram sin a bheith aige.

An Dr. Terry McWade (Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca)

Is é an Dr. Terry McWade an PFO agus duine de bhunaitheoirí Valitacell, cuideachta biteicneolaíochta nua. Roimhe seo bhí sé ina POF Cúnta i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, ina POF ar Exceptis Technologies, ina Phríomhoifigeach ar Ghrúpa Comhairleach Bhostúin (Londain), agus ina POF ar Server Laboratories (an Danmhairg).

Is stiúrthóir é san Institiúid Bhaincéireachta agus is Iar-Stiúrthóir é den Chumann um Rialachas Corparáideach in Éirinn. Roimhe sin uile bhí sé ina Leaschathaoirleach ar Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath agus ina Chathaoirleach ar an Tionsnaimh Vaoicsíne Eorpach. Is comhalta é ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar an gCoiste Clárúcháin agus um an gCleachtas Leanúnach sa Chomhairle Leighis agus is comhalta é de chuid Bhord Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire.

Tá cáilíocht ó Choláiste na Tríonóide aige sa leigheas, agus Máistreacht sa Riarachán Gnó (INSEAD), agus MSC (Eitic an Chúraim Sláinte agus an Dlí), agus Dioplóma sa Rialachas Corparáideach (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath). Stiúrthóir Cairte is ea, agus cairt aige ón Institiúid Stiúrthóirí.

Brendan O'Donoghue

Roimhe seo, bhí Brendan O'Donoghue ina Phríomhfheidhmeannach ar Ospidéal Ollscoile Naomh Pádraig ó 1999 go dtí 2007 agus roimhe sin chaith sé tréimhse 21 bhliain ag obair le Grúpa Tedcastle. I measc na róil a bhí aige roimhe seo áirítear Stiúrthóir Airgeadais agus ina dhiaidh sin Oifigeach um Oibriúcháin Ghrúpa.

Stiúrthóir Cairte is ea, agus cáilíocht faighte aige ón Institiúid Stiúrthóirí in 2011. Is cuntasóir é (FCCA, ar scor).

An Dr. Jack Nagle (Cathaoirleach ar an gCoiste um Straitéis)

Tar éis dó a bheith ag obair timpeall an domhain i raon de róil shinsir le breis is 15 bliana anuas, tháinig an Dr. Jack Nagle ar ais go hÉirinn inar oibrigh sé le Boston Scientific mar Stiúrthóir d'Oibríochtaí & den Innealtóireacht le 6 bliana anuas. Eisean a bhunaigh Alpha Healthcare, in 2004, agus a bhí ina chéad POF air.

Ar a gcuideachta Éireannach sin atá a dhéanann speisialtóireacht ar chomhairliúchán bhainistíochta gnó, córais bhainistíochta caighdeáin, tacaí tagarmharcála agus seirbhísí oiliúna a chur ar fáil don Earnáil Sláinte. In 2007, bhunaigh sé Alpha Primary Care chun na seirbhísí sin a chur ar fáil i mhargadh an RA. Tá suim ar leith aige an Bhainistíocht Láncháilíochta agus modhanna oibre LEAN a chur i gcrích san earnáil sláinte.

Bhain sé Máistreacht sa Riarachán Gnó amach ó Ollscoil Cranfield agus Phd ó Ollscoil Caerdydd

Anne Stewart

Feidhmeannach sinsearach is í Anne-Marie Taylor agus teist go dtí seo aici sa bhainistíocht ar chláir, sna hacmhainní daonna, in oibriúcháin agus sa bhainistíocht athruithe, in Éirinn agus i dtíortha eachracha leis. Roimhe sin bhí sí ina Feidhmeannach Sinsearach in Accenture, cuideachta mór le rá sa chomhairliúchán, sa teicneolaíocht agus sa seachfhoinsiú. Is comhalta í de chuid Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus de chuid an Choiste um Imeachtaí Tosaíochta i gCumann Cógaiseoirí na hÉireann.

Tá Dioplóma aici sa Rialachas Corparáideach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Céim Mháistir aici ó Ollscoil Illinois leis.

Comhaltaí an Bhoird a d'imigh as le linn 2017

Sheila Bailey

Gairmí sinsearach carthanachta is í Sheila Bailey, agus an Stiúrthóir Bainistíochta leis ar an bhFondúireacht Lyla Nsouli, fondúireacht phríobháideach charthanach a rinne maoiniú leis an Is Iar-POF í chomh maith ar Chiste na Breataine Móire d'Éirinn. D'fheidhmigh sí i gcáilíocht neamhfheidhmiúcháin ar bhoird roinnt comhlachtaí rialachais agus faoi láthair na huaire is stiúrtheoir í ar an gComhlachas Úinéirí Capall Rása agus Ath-thraenáil Capall Rása.

Bronnadh Saoirse na Cathrach Londan uirthi in 2014 mar aitheantas ar na Seirbhísí ar thug sí don phobal sa RA.

Anne-Marie Taylor

Feidhmeannach sinsearach is í Anne-Marie Taylor agus teist go dtí seo aici sa bhainistíocht ar chláir, sna hacmhainní daonna, in oibriúcháin agus sa bhainistíocht athruithe, in Éirinn agus i dtíortha eachracha leis. Roimhe sin bhí sí ina Feidhmeannach Sinsearach in Accenture, cuideachta mór le rá sa chomhairliúchán, sa teicneolaíocht agus sa seachfhoinsiú. Is comhalta í de chuid Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus de chuid an Choiste um Imeachtaí Tosaíochta i gCumann Cógaiseoirí na hÉireann.

Tá Dioplóma aici sa Rialachas Corparáideach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Céim Mháistir aici ó Ollscoil Illinois leis.

3.2 Cruinnithe an Bhoird

Comhaltaí an Bhoird	Cruinnithe Boird (8)	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (4)	An Coiste um Beartas Straitéise (3)
Iomlán	**8**		
An tUas John Horan (Cathaoirleach An Bhoird)	8		
Ms. Patricia Byron	4		
Ms. Bernadette Costello	8	4	
An tUas Patrick Gibbons	8	4	
Mr. James Melly	8		3
An Dr Terry McWade (Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca)	8	4	
An Dr Jack Nagle (Cathaoirleach an Choiste Straitéise)	8		3
An tUas Brendan O'Donoghue	6	3	2
Ms. Anne Stewart	4		
Ms. Sheila Bailey	1		
Ms. Anne Marie Taylor	1		1

4 Cuspóirí Straitéiseacha, cinn bainte amach san áireamh

4.1 Cuspóirí Straitéiseacha

Ar an 17 Eanáir 2017, Sheoil Simon Harris, an tAire Sláinte "Plean Straitéise agus Gníomhaíochta an CNCC, chun tacú leis an bhfeabhas san fheidhmeannas cóireáil a thabhairt d'othair níos tapúla, 2017 - 2019".

D'oibrigh an Bord go dlúth i gcomhar leis an bhFeidhmeannacht agus na geallsealbhóirí chun an stiúradh straitéiseach a leagadh amach le linn 2016 chun cur leis an ról atá againn faoi láthair agus chun na téarmaí tagartha atá againn a leathnú isteach i réimsí ina bhfuil cumas agus saintaithí againn chun cur leo.

Dá bharr sin, is iad na Cuspóirí Straitéiseacha atá againn ná na cinn sin a bhfuil gá leo a bheith bainte amach chun deimhniú go réadófar an cuspóir straitéiseach móriomlán atá againn.

Tá úinéir feidhmeannach ar gach aon cheann de na cuspóirí straitéiseacha luaite thíos agus gníomhartha, torthaí, tosca ratha criticiúla, amlínte forfheidhmithe agus eochairtháscairí feidhmíochta mapáilte amach dóibh.

Cuspóirí Straitéiseacha

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

Idirbheartaíocht a dhéanamh chun teacht ar chomhaontuithe maidir le praghsanna agus ceannachán cúram ardchaighdeáin ó sholáthraithe thar ceann an Stáit.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2

Áirithigh go bhfuil margadh inbhuanaithe agus cóir ann le haghaidh an chúraim chónaithigh fhadtréimhsigh agus é leordhóthanach chun freastal ar riachtanais na daoine a bhfuil cúram dá dhála de dhíth.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3

Faisnéis ar cháilíocht dearbhaithe maidir le liostaí feithimh i dtaca le seirbhísí sláinte poiblí a fhoilsiú agus a roinnt.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

Uirlisí feabhsaithe feidhmíochta a fhorbairt le haghaidh an bhainistíocht oibríochtúil a chur leis na bealaí cóireála atá sa chóras sláinte poiblí.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5

Uirlisí feabhsaithe feidhmíochta a fhorbairt le haghaidh an bhainistíocht oibríochtúil a chur leis na bealaí cóireála atá sa chóras sláinte poiblí.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 6

Áirithigh go bhfuil an rialachas agus an bonneagar oibríochtúil oiriúnach don fheidhm chun na cuspóirí straitéiseacha atá againn a chur i gcrích agus a chur in iúl.

Chun teacht ar thuilleadh eolais faoi na Cuspóirí Straitéiseacha, féach ar: http://www.ntpf.ie/home/pdf/strategy_action_plan.pdf

4.2 Struchtúr na hEagraíochta

Déanfar bainistiú ar na cuspóirí straitéiseacha agus ar na gníomhaíochtaí bainteach leo trí na príomhlíomatáiste feidhme an CNCC agus trína struchtúr eagraíochta.



Mary Byrne, Stiúrthóir TFC Gníomhach; Alison Green, Stiúrthóir Nuálaíochta Próiseas; Liam Sloyan, POF; Seán Flood, Stiúrthóir Airgeadais; Liz Lottering, Iniúchadh; Dearbhú Cáilíochta agus Stiúrthóir Taighe.

4.3 Achoimre ar na Spriocanna atá Bainte Amach idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2017

- **Siompóisiam CNCC 2017**
- Ghlac **9,500** othar le tairiscintí ar chóireáil a bhí maoinithe ag an CNCC
- Laghdú tagtha ar líon na n-othar atá ag feitheamh ar thairiscint de choinne ó **86,111 i mí Iúil síos go dtí 81,468 ag deireadh bliana**
- Laghdú tagtha ar líon na n-othar atá ag feitheamh le breis is 15 mí ar choinne ó **11,041 i mí Iúil síos go dtí 7,656 ag deireadh bliana**
- Foilseachán agus leathan amach an Phrótacail Náisiúnta i leith Ghnáis do Liostaí Feithimh atá Beartaithe maidir le Cásanna Othar Lae Cónaitheach, 2017
- Cigireachtaí Speisialta déanta ar **5 Ospidéal agus 7 Eispéireas Othair** *(tar éis don Aire Simon Harris iarraidh a dhéanamh go ndéanfar amhlaidh mar thoradh ar an gClár de chuid RTE Investigates a craoladh ar an 6 Feabhra 2017)*
- **Córais TFC feabhsaithe** le haghaidh eolas maidir le liostaí feithimh Othar Cónaitheach
- **Córais tuairiscigh feabhsaithe le haghaidh eolas maidir le liostaí feithimh**
- **Tuarascálacha ar liostaí feithimh tiomsaithe, foilsithe agus deimhnithe** *(tuarascálacha seachtainiúla agus míosúla araon, lena n-áirítear, den chéad uair, scrúdú ar Ghnásanna atá Beartaithe, Othair a bhfuil Dátaí Sceidealta acu, agus Fionraíochtaí)*
- **Rinneadh breis is 12 mhilliún taifead maidir le hOthair Chónaitheacha/Othair Lae agus breis is 26 milliún taifead** maidir le hOthair Sheachtracha a phróiseáil, agus scaoileadh amach breis is 1,400 tuarascáil gach mí.
- **Cothabháil ar an mBonneagar agus Tacaíocht leis**
- **Straitéis maidir leis an Néal socraithe**
- Breis is **215** ghníomhas socraithe trí idirbheartaíocht le Tithe Altranais
- An Tuairisc ar "*An Indéantacht leanúint ar aghaidh i dtreo* **cur chuige níos comhtháite i leith an Bhainistíocht ar Liostaí Feithimh** *ar bhonn an Ghrúpa Ospidéil*" curtha faoi bhráid an Aire Sláinte

5.1 Stiúrthóireacht na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

Tá páirt lárnach i gcur ar fáil na cuspóirí straitéiseacha de chuid an CNCC ag Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide. Mar chuid den obair a dhéanann sé, déanann sé na figiúir de na liostaí feithimh maidir le hothair inmheánacha, othair lae, agus othair sheachtracha a bhailiú, a thiomsú agus a thuairisciú, agus anuas air sin áirithíonn sé go bhfuil ár gcuid córas TFC ar fáil, slándáil agus rúnda. Bainimid tairbhe as na trí fhoireann seo a leanas chun é sin a bhaint amach; Anailísiú agus Tuairisciú Sonraí, Infreastruchtúr agus Oibriúcháin, agus Tionscadail TF.

Tá sé ina mbunriachtanas don obair uile a dhéanann an CNCC go bhfuil sonraí ar fáil ar bhonn tráthúil agus go bhfuil siad sin comhsheasmhach agus iontaofa, agus choinníomar orainn ag cur leis an ngné seo den obair a dhéanaimid trí fhorbairt a dhéanamh ar an tsraith de thuarascálacha atá againn. Próiseáladh breis agus 12 milliún Cás Lae Cónaitheach agus 26 milliún taifead d'othair sheachtracha I 2017 le breis agus 1,400 tuarascáil a dháileadh gach mí. Tá sampla beag de thuairiscí deireadh bliana ar fáil sna leathanaigh ina dhiaidh seo.

Leanamar ar aghaidh ag foilsiú líon na ndaoine ar an Liosta Feithimh i bhformáid Sonraí Oscailte ar Mhol Sonraí na hEarnála Poiblí i rith 2017 ag https://data.gov.ie. Cuirfear leis seo i gcaoi lena gcuimseofar Mol um Earnáil Sláinte na hÉireann leis ag https://data.ehealthireland.ie. Foinsí saibhre de shonraí oscailte, saor, a bhfuiltear in ann iad a athúsáid, is iad an dá mhol seo, agus tagann na sonraí atá iontu ó raon fairsing leathan d'fhoinsí agus clúdaítear raon ollmhór de thacair shonraí leo.

Le linn 2017, leanadh ar aghaidh leis an tionscadal chun na cláir bunachar sonraí atá againn a athdhear agus a uasghrádú, agus tá an tionscadal sin ríthábhachtach don mhisean atá againn. Chun na críocha sin, b'éigean dúinn obair i mód déach i rith cuid mhaith den bhliain fad is a bhí orainn deimhniú go raibh comhsheasmhacht sna sonraí atá orainn sa dá chóras atá againn, an ceann nua agus an seancheann araon. De bharr gur athrú ó bhonn a bhí i gceist leis an uasghrádú, rinneamar breis is 250 tuarascáil um Liostaí Feithimh a mhionscrúdú agus a athscríobh ionas go mbeadh sonraí ó na cláir pholasaí nua le brath iontu. Agus an obair seo críochnaithe, cuirfidh sí leis na huirlisí feabhsaithe tuairiscithe agus anailíse a mbeidh ar fáil dúinn le haghaidh an tuairiscithe inmheánaigh agus sheachtraigh araon.

Thapaíomar an deis a bhí ann agus an uasghrádú bunachair shonraí á dhéanamh, forbairt a dhéanamh ar shraith deaiseanna feabhsaithe idirghníomhacha trí Microsoft PowerBI a úsáid agus thosaíomar ag comhroinnt na háiseanna sin lenár ngeallsealbhóirí.

Is cuid fhíorthábhachtach den obair a dhéanann an rannán TFC iad na ceisteanna parlaiminteacha (PQ) agus Iarrataí um Shaoráil Faisnéise (FOI) agus d'éascaíomar 61 Iarratas dá leithéid sin le linn 2017.

Iomláine Sonraí / Caighdeán Sonraí (DCDQ) - gné thábhachtach is é seo den obair a dhéanaimid agus thionólamar roinnt Lá Feasachta ar Shonraí chun cur leis an bhfeasacht atá ann sna hOspidéil maidir le seiceálacha agus cosaintí a chuirimid i bhfeidhm chun cruinneas ár sonraí a dheimhniú. Leis an DCDQ, cuirtear ar ár gcumas sinn a bheith in ann a dheimhniú go bhfaighimid sonraí atá comhsheasmhach, ardchaighdeáin ó na hospidéil éagsúla ionas gur féidir linn a bheith in ann, dá bharr, foinsí faisnéise a chur ar fáil atá iontaofa chun éascú leis an bpleanáil agus leis an mbainistíocht ar liostaí feithimh a bheidh bunaithe ar fhianaise ar bhonn an ospidéil, ar bhonn an Ghrúpa Ospidéal agus ar bhonn náisiúnta. Téimid i ndlúthchomhairle leis an bhFoireann Iniúchóireachta & Dearbhuithe Cáilíochta a dhéanann iniúchadh agus tuairisciú maidir leis an gcomhlíonadh sa réim seo.

Tá an fhoireann Bonneagair & Oibríochtaí ag leanúint ar aghaidh uasghrádaithe a dhéanamh nuair is gá, ag athnua an córas agus na comhbhaill bonneagair atá ann chun áirithiú go leanfaidh na seirbhísí TF a chuirfimid ar fáil a bheith ag feidhmiú agus a bheith slán. Chomh maith leis sin, cuireann iad seirbhís deasca freastail ar fáil chun freastal ar na riachtanais TF atá ag an bhfoireann CNCC go léir.

In 2017, thosaíomar ag pleanáil don ascnamh go dtí an néal ar aon dul leis an straitéis "néal chun tosaigh" atá againn, agus táimid cuirfimid leis sin in 2018 agus an chéad ascnamh dár gcuid chun an néil a bheith déanta le linn na bliana.

Liz Lottering, Iniúchadh, Dearbhú Cáilaíochta agus Stiúrthóir Taighde

5.2 An Stiúrthóireacht Iniúchta, Ráthaithe Caighdeáin agus Taighde

Brollach

Bliain fíorghnóthach ab ea 2017 don stiúrthóireacht agus 3 mhórthionscadal ag cur le luach córasach an chúraim sceidealaithe agus cláir sheachadta pobail:

- Rianú agus monatóireacht a dhéanamh ar na cinntí agus ar na pleananna gníomhaíochta a tháinig as an gClár Athbhreithnithe Náisiúnta Iniúchta agus Dearbhaithe Cáilíochta maidir leis an gCúram Beartaithe 2014 - 2016.
- An tIniúchadh Speisialta ar Liostaí Feithimh Ospidéal a Dhearadh agus a chur i bhfeidhm.
- Tionscadal taighde neamhspleách a choimisiúnú chun cur leis an measúnacht a bheidh déanta amach anseo ar shamhail tuairiscithe i dtimpeallacht na hÉireann.

.

1 Clár Athbhreithnithe Náisiúnta Iniúchta agus Dearbhaithe Cáilíochta maidir leis an gCúram Beartaithe 2014 - 2016

Bunaíodh an Clár Athbhreithnithe Náisiúnta Iniúchta agus Dearbhaithe Cáilíochta (AQA) sa CNCC in 2014 i bpáirtíocht leis an Stiúrthóir Náisiúnta ar Ospidéil Ghéarmhíochaine, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Déantar foráil dóibh faoi Ionstraim Reachtúil an CNCC (I.R. Uimh. 179 de 2004) *"chun faisnéis a bhaineann le daoine atá ag feitheamh le cóireáil ospidéil a bhailiú, a thiomsú agus a dhearbhú, agus córais faisnéise a chur i bhfeidhm chun na críche sin"*.

Is éard is aidhm agus cuspóir an clár sin ina iomláine ná:

1. Iniúchadh a dhéanamh chun dearbhú go bhfuil ospidéil ag tabhairt eolas faoi othair atá iomlán, cruinn agus dearbhaithe maidir le liostaí feithimh d'othair inmheánaigh agus sheachtracha araon;
2. Iniúchadh a dhéanamh chun dearbhú go bhfuil ospidéil tar éis príomhchleachtais inmheánacha bhainistíochta a chur i bhfeidhm chun bainisteoireacht a dhéanamh ar an éileamh, ar an toilleadh agus ar an aschur chun dearbhú go bhfuil teacht cothrom ar fáil ar chóireáil d'othair atá ar liostaí feithimh, bíodh siad ina othair inmheánacha nó seachtracha.

Cur chuige éascaitheach a chuireann an fhoireann AQA i bhfeidhm i dtaca leis an iniúchadh lena gcuimsítear:

1. Grádú riosca ardleibhéil agus athbhreithniú ardleibhéil ar ospidéil;
2. Critéir roghnúcháin iniúchta réamhshocraithe;
3. Tuairiscithe iniúchta ar na láithreáin a dhéanamh agus plean gníomhaíochta um bainisteoireacht feabhais mar chuid díobh;
4. Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar mhíreanna oscailte, agus iad a thabhairt chun críche chomh maith, ar phleananna gníomhaíochta um bainistíocht ospidéil.

Cuireadh tús le clár dhá bhliain de 42 iniúchadh in Aibreán 2014 agus críochnaigh sé i mBealtaine 2016. Bhí cuairt ar an láithreán ina ndearnadh tástáil ar 19 rialaitheoir phríomhacha agus 103 fothriail leo siúd mar chuid de gach uile iniúchadh. Fuair ospidéil aonair tuarascáil ar an gcomhlíonadh le prótacail náisiúnta agus rinneadh socrú ar phlean gníomhaíochta feabhais leis an bPríomhfheidhmeannach/ mBainisteoir Ginearálta.

Bhí 739 mír um pleanáil gníomhaíochta feabhais san iomlán a sainaithníodh ar fud na 42 ospidéal agus 572 dóibh san iomlán (77%) a bhfuiltear tar éis iad a rianú chun críche amhail ar dheireadh Nollag 2017.

Tá an fhoireann AQA ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an Rannóg d'Ospidéil Ghéarmhíochaine, le Grúpaí Ospidéal agus le hospidéil aonair chun rianú a dhéanamh ar an 23% atá fágtha de na míreanna sa phlean gníomhaíochta atá fós le déanamh. Tugtar achoimre ar fáil i dTábla 1) de mhíreanna atá fós le déanamh de réir Ghrúpa Ospidéal.

Tábla 1

Líon Iomlán de Mhíreanna sa Phlean Gníomhaíochta maidir le hOthair Inmheánacha, Othair Lae, Gnáthaimh Bheartaithe agus Othair Sheachtracha atá fós le déanamh de réir Grúpa Ospidéal - Nollaig 2017:

Grúpa Ospidéal	Fós le déanamh
Grúpa Ospidéil na Leanaí	23
Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre	28
Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann	42
Grúpa Ospidéal RCSI	8
Grúpa Ospidéal Ollscoile Saolta	29
Grúpa Ospidéal an Deisceart/an Iardheiscirt	26
Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh	11
Móriomlán	**167**

2 An tIniúchadh Speisialta ar Liostaí Feithimh Ospidéal 2017

Craoladh clár de chuid RTÉ Investigates dar teideal "*Living on the List*" ar an 6 Feabhra 2017 agus béim curtha ann ar cad a tharla do 11 othar le linn dóibh a bheith ar liostaí feithimh i sé ospidéal timpeall na tíre. Pléadh an clár agus na ceisteanna a tháinig aníos sa chlár i dTithe an Oireachtais agus dhírigh an tAire Sláinte go hoifigiúil ar an CNCC, faoin ionstraim reachtúil "iniúchadh a dhéanamh ar na cleachtais atá i bhfeidhm sna hospidéil agus sna cásanna ar leith a bhí faoi chaibidil sa chlár ionas go mbeifear in ann an chumarsáid lenár n-othair a fheabhsú agus obair i dtreo lánchomhlíonadh leis na prótacail ábhartha."

Chun cabhair a thabhairt chun an tiomantas seo a rinne an tAire Sláinte, Simon Harris, a réadú, dhírigh sé go hoifigiúil ar an CNCC, faoin ionstraim reachtúil "*iniúchadh a dhéanamh ar na cleachtais atá i bhfeidhm sna hospidéil agus sna cásanna ar leith a bhí faoi chaibidil sa chlár ionas go mbeifear in ann an chumarsáid lenár n-othair a fheabhsú agus obair i dtreo lánchomhlíonadh leis na prótacail ábhartha.*"

2.1 Raon an Iniúchta

Is éard a tháinig faoi raon an iniúchta ná na ceisteanna ar leith seo a leanas a phlé:

- Ar glacadh leis an bprótacal náisiúnta maidir le conair liosta feithimh i dtaca le gnáthamh an othair a bhí beartaithe?
- Ar glacadh leis an bprótacal náisiúnta maidir le leasuithe leis an gconair d'othair i dtaca leis an ngnáthamh a bhí beartaithe?
- Ar glacadh le prótacail bailithe i dtaca le gnáthamh an othair a bhí beartaithe?
- Ar glacadh le prótacail náisiúnta i dtaca leis an san-aicmiú agus an sceidealú tosaíochta?

2.2 Modheolaíocht

Bhí 21 rialú tástála príomhúla sa seicliosta le haghaidh an iniúchta speisialta seo a bhain le gnéithe ó gach cearn den chonair do liostaí feithimh. Bhain sé seo le liostaí feithimh d'othair sheachtracha, d'othair chónaitheacha/lae agus d'othair a bhfuil gnáthamh beartaithe acu, nuair is cuí.

Mar chuid den chur chuige seo, áiríodh:

- Cuairt ar an láithreán socraithe laistigh d'fhógra dhá seachtaine
- Athbhreithniú ar Chóras Bainistíochta um Othair Ospidéal i dtaca le samplaí áirithe
- Athbhreithniú ar Thaifead an Chúraim Sláinte (HCR), lena n-áirítear an Fhoirm Áirithint Iontrála i dtaca le samplaí áirithe
- Athbhreithniú ar aon phíosa faisnéise riaracháin a bhaineann le hothair nach bhfuil á choimeád in IPMS/PAS ospidéil ná ar Thaifead an Chúraim Sláinte (HCR) i dtaca le samplaí áirithe
- Chuathas i mbun comhairle le comhaltaí oiriúnacha de chuid na foirne de réir mar ba chuí
- Dearbhaíodh, trí dul i gcomhar leis na hospidéil, cé chomh cruinn is atá na cinntí

2.3 Tuarascáil Iniúchóra

Críochnaíodh 13 tuairisc faoi thús mhí Mheán Fómhair 2017 mar chuid den Chlár Inniúchóireachta. I measc na dtuairiscithe sin, áirítear:

- **Tuarascálacha maidir le hOthair Indibhidiúla** sna cásanna a pléadh iad ar an gclar (eisíodh na tuarascálacha seo don Aire agus do na hothair iad féin ar bhonn indibhidiúil de bharr rúndacht othair).
- **Tuarascáil Iniúchóra Speisialta** maidir le 5 ospidéal a bhí ar an gclár, bunaithe ar na samplaí randamacha a ndearnadh athbhreithniú orthu. (Sna tuarascálacha seo rinneadh mionsonrú ar na cinntí agus na moltaí príomhúla san iniúchadh, agus ar an bhfreagra a thabhairt na hospidéil dó chomh maith).
- **Tuarascáil don Aire** inar tugadh léargas ginearálta ar na cinntí agus na moltaí príomhúla ó na sampla-iniúchtaí randamacha a rinneadh iad i gcúig cinn de na hospidéil a bhí faoi chaibidil ar an gclár.

Is féidir na tuarascálacha de chuid Iniúchadh Speisialta ar Liostaí Feithimh Ospidéal 2017 de chuid an CNCC a fheiceáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Sláinte.

https://health.gov.ie/blog/publications/ntpf-special-audit-of-hospital-waiting-lists-2017/

2.4 Na Chéad Chéimeanna Eile

Tuairiscíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne Sláinte:

"Tá beartaithe déanta láithreach ag an FSS chun plean a chur i gcrích ar bhonn náisiúnta ina mbeidh an bhéim dírithe ar fhorfheidhmiú feabhsaithe agus próiseas a thiomáint i ngach uile ospidéal sa tír chun dul i ngleic leis na cinntí agus leis na moltaí a tháinig chun solais i dTuarascáil Iniúchadh Speisialta an CNCC.

Beidh sé ina thosaíocht dúinn den mhéid den bhliain atá fós le teacht dul i ngleic le torthaí moltaí na Tuarascála Speisialta agus as sin a dhéanamh, forbrófar eithne croílárnach do na Pleananna Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh don bhliain 2018, agus don Phlean Seirbhíse Náisiúnta don FSS, 2018, leis.

Anuas air sin, tá an tAire Sláinte tar éis a iarraidh go bhforbrófar plean lena ndéanfar an Próiseas Iniúchta Speisialta a shíneadh amach ionas go gclúdaítear ospidéil ghéarmhíochaine eile leis. Le linn 2018, déanfaidh an CNCC tuairisc ar na cinntí a dhéanann sé agus ar mholtaí atá aige i leith na cleachtais bhainistíochta a bhaineann le liostaí feithimh in ospidéil phoiblí."

3 Taighde

Ag deireadh Mheán Fómhair 2016 shocraigh Bord agus Coiste Feidhmiúcháin an CNCC go gcoimisiúnófar tionscadal taighde neamhspleách ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta i leith bhainistíocht agus thuairisciú liostaí feithimh i.e. othair chónaitheach, othair lae, gnáthaimh atá beartaithe agus othair sheachtracha. Is éard is cuspóir an athbhreithnithe seo ná chun cur leis an measúnacht a bheidh déanta amach anseo ar shamhail tuairiscithe i dtimpeallacht na hÉireann.

Is iad seo a leanas cuspóirí an taighde:

- Athbhreithniú coincheapúil, córasach maidir le coincheapa, sainmhínithe, modheolaíochtaí agus samhalta chun tuairisc a dhéanamh ar uaireanta feithimh agus ar an líon daoine ag feitheamh ar an gcúram sceidealaithe;
- Athbhreithniú eimpíreach, córasach maidir le fianaise idirnáisiúnta agus bunaithe ar na cleachtais a dhéantar i ndlínsí eile, ó thaobh uaireanta feithimh agus an líon daoine ag feitheamh ar chúram sceidealaithe, na tosca a bhí taobh thiar dá leithéid de shamhla tuairiscithe agus na torthaí feidhmíochta atá gaolmhar leis na cleachtais tuairiscithe ar leith siúd;
- Athbhreithniú dhá pháirte - agus achoimre sa tuarascáil phríomhúil lena ndéanfar achoimre ar chinntí na ndoiciméad córasach agus athbhreithniúchán coincheapúil ann leis, agus tuarascáil tháinisteach lena n-aithneofar samhla dea-chleachtais.

Chuaigh an CNCC i dteagmháil i le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar an 31 Márta 2017 chun an taighde seo a thabhairt chun críche.

Conclúid

Ba mhian leis an bhfoireann go léir a buíochas a bhfuil acu a chur in iúl do na hospidéil agus do na seirbhísí cúraim phríomhúil go léir a ndearnadh athbhreithniú as an gcur chuige gairmiúil a bhí acu i dtreo na n-iniúchtaí agus i dtreo na n-athbhreithnithe diagnóiseacha.

Táimid ag súil go mór leis an obair a bheidh á dhéanamh againn i dtaca leis an Iniúchadh Speisialta le linn 2018. Anuas air sin, táimid ag súil leis an athbhreithniú de chuid Choláiste na Tríonóide a bheith againn ionas gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar an tuairisciú náisiúnta sa chomhthéacs seo agus an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm.

5.3 An Stiúrthóireacht Airgeadais & An Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais

In 2017, leithdháileadh maoiniú de €15m don CNCC chun dul i ngleic le liostaí feithimh, den chéad dul síos. Leithdháileadh €2.5m sa bhreis air sin déanach in 2017 chun dul i ngleic leosan atá ag feitheamh ar ghnáthaimh mháinlíochta chasta dromhlaigh agus chardatóracsaigh.

D'fhorbair an FSE agus an CNCC plean leis an maoiniú seo, agus na spriocanna seo a leanas ag an plean sin:

1. Áirithigh nach sáróidh an líon atá ag feitheamh níos mó ná 15 mí ar an Liosta Gníomhaireach IPDC thar 9,153 ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, 2016.
2. Bhainfeadh an FSS 22,846 othar a bhí ag feitheamh ar feadh tréimhse fada (iadsan a bheadh ag feitheamh le breis is 15 mí faoi dheireadh mí Dheireadh Fómhair) trí ghníomhaireacht in ospidéil phoiblí.
3. Bhainfí 7,000 othar ón liosta feithimh Beo IPSX, trí tairiscintí a bheith glactha leo agus trí chóireáil maoinithe ag an CNCC.
4. Bhainfí 700 de na hothair a bheadh ag fanacht ar feadh an tréimhse is faide ón liosta feithimh Beo le haghaidh Gnáthaimh Scóipe Gastaistéigí trí thairiscintí a bheith glactha leo agus trí chóireáil maoinithe ag an CNCC.

Baineadh amach gach aon cheann de na spriocanna seo. Go sonrach:

1.. Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, 2017, b'ionann an líon daoine a bhí ag feitheamh ar an Liosta Feithimh Beo IPDC le breis is 15 mí agus 7,282;
2. Baineadh 26,015 othair a bhí ag feitheamh go fadtréimhseach mar gheall ar ghníomhaíocht FSS faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair.
3. Bhainfí 8,192 othar ón liosta feithimh Beo IPSX, trí thairiscintí a bheith glactha acu agus an chóireáil sin maoinithe ag an CNCC.
4. Scriosadh 1,328 othar ón liosta feithimh le haghaidh gnáthaimh Scóipe Gastraistéigí mar thoradh ar an Tionscnamh um Ghnáthaimh Scóipe Gastraistéigí.

Sa tábla seo a leanas, cuirtear achoimre ar fáil ar an ngníomhaíocht sna liostaí feithimh (cé is moite de scóip) le linn 2017.

Liosta Feithimh Beo IPDC 2017 (seachas le haghaidh Gnáthamh Scóipe Gastraistéigí)



Is féidir a fheiceáil gur thosaigh an ghníomhaíocht CNCC a bheith ina tionchar ar an liosta feithimh le linn an tsamhraidh. Suas go dtí Bealtaine 2017, tháinig borradh de bheagnach 1,000 sa mhí ar an liosta feithimh Beo IPDC ar an meán. I mí an Mheithimh agus mí Iúil, mhoilligh an méadú sin, agus baineadh amach buaic an líon daoine a bhí ag feitheamh le linn mí an Mheithimh nuair:

- b'ionann an líon iomlán a bhí ar an Liosta Feithimh Beo IPDC agus 86,111;
- b'ionann an líon daoine a bhí ag feitheamh le breis is 9 mí agus 28,124; agus
- b'ionann an líon daoine a bhí ag feitheamh breis is 15 mí agus 11,041.

Ó mhí Iúil amach, bhí lántionchar ag gníomhaíocht an CNCC agus thosaigh laghdú ag teacht ar an líon daoine ar an liosta feithimh IPDC agus mar gheall air sin, faoi dheireadh bliana:

- B'ionann an líon iomlán daoine ar an liosta agus 81,468 - laghdú de 4,642 (-5.4%) ón mbuaicphointe ag deireadh mhí Iúil;
- b'ionann an líon daoine a bhí ag feitheamh le breis is 9 mí agus 22,523 - laghdú de 5,601 (-20%);
- b'ionann an líon daoine a bhí ag feitheamh le breis is 15 mí agus 7,656 - laghdú de 3,385 (-31%).

Sa chairt thíos déantar cur síos ar an Liosta Feithimh le haghaidh Gnáthamh Scóipe Gastaistéigí in 2017.

Gluaiseacht sa Liosta Feithimh Beo le haghaidh Gnáthamh Scóipe Gastaistéigí le linn 2017

Is féidir a fheiceáil gur tháinig borradh faoin líon daoine atá ar an liosta feithimh le haghaidh gnáthamh scóipe gastraistéigí gach mí i rith 2017, suas go dtí mí Mheán Fómhair, nuair:

- b'ionann an líon iomlán a bhí ar an Liosta Feithimh Beo le haghaidh Gnáthaimh Scóipe Gastaistéigí agus 19,341;
- b'ionann an líon daoine a bhí ag feitheamh le breis is 9 mí agus 2,427; agus
- b'ionann an líon daoine a bhí ag feitheamh breis is 15 mí agus 870.

Ó mhí na Samhna i leith chuaigh gníomhaíochtaí de chuid an CNCC i bhfeidhm go hiomlán agus tháinig laghdú ar an liosta feithimh le haghaidh gnáthamh scóipe gastraistéigí, rud a d'fhág, faoi dheireadh bliana:

- gurbh ionann an líon iomlán daoine ar an liosta agus 17,618 - laghdú de 1,723 (-9%) ón mbuaicphointe ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair;
- gurbh ionann an líon daoine a bhí ag feitheamh le breis is 9 mí agus 1,355 - laghdú de 1,072 (-44%);
- gurbh ionann an líon daoine a bhí ag feitheamh le breis is 15 mí agus 233 - laghdú de 637 (-73%) ó dheireadh mhí Mheán Fómhair.

Gluaiseacht sa Liosta Feithimh Beo le haghaidh Gnáthamh Scóipe Gastaistéigí le linn 2017



Gnáthaimh Beartaithe

Cuireadh cóireáil leighis arna maoiníodh é tríd an CNCC ar fáil in 18 n-ospidéal phríobháideacha agus in 10 ospidéal poiblí ar fud oileán na hÉireann. San iomlán, rinneadh socraithe maidir le breis is 50 cineál de ghnáthaimh leighis tríd an CNCC in 2017. Ag seo, tá achoimre ar na gnáthaimh ar a bhfuil an méid is mó dóibh údaraithe agus othair tar éis glacadh le gnáthaimh ina leith.

Tábla 4:

Achoimre ar ghnásanna údaraithe, 2017

Gnáthamh	Líon na dTairiscint a Glacadh Leo*
Catarachtaí	4,000
Scóip Ghastraistéigeach	1,300
Cisteascópachtaí	800
Athchur Alt	600
Céislíní	600
Angagaim	400
Seipteaplaistí	400
Féitheacha Borrtha	300
Eisceadh Lot	300
Gnáthaimh Fiaclóireachta / Mascaille agus Béil	200
Colaicisteachtóimí Laparascópacha	200
Gnáthaimh Eile d'Aosaigh	400
Iomlán	**9,500**

* Slánaithe go dtí an 100 is gaire

Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais

Is éard atá i gceist leis an ról tacaíochta atá ag an CNCC i dtreo leis an Scéim ná idirbheartaíocht agus comhaontas a dhéanamh i dtaca le huasphraghas d'úinéirí tithe altranais, bíodh siad tithe altranais príobháideacha nó deonacha. Luaitear in Alt 40 den Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009 go:

"*[n]Déanfaidh an tAire, a luaith is indéanta, trí fhógra i scríbhinn duine a cheapadh chun idirbheartaíocht a dhéanamh le daoine atá i mbun ghnó teach banaltrais a rith chun críocha comhaontú a bhaint amach mar a thagraítear dó sa sainmhíniú ar theach banaltrais faofa.*"

Ainmníodh an CNCC mar an eintiteas dlíthiúil sin in Ailt 40 agus 41 d'Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais. Ina theannta sin, tá foráil ar fáil san Acht a bhaineann le scrúdú taifead agus cuntas de chuid na dtithe altranais atá páirteach sa scéim:

"*Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, is féidir an Bord scrúdú a dhéanamh ar thaifid agus ar chuntais de chuid tigh altranais atá faofa nó de chuid tigh altranais ina bhfuil sé beartaithe ag an úinéir socruithe a chur i bhfeidhm de réir na scéime.*"

Tá sé tábhachtach suntas a dhéanamh dó go bhfuil an ról teoranta do idirbheartaíocht a dhéanamh chun praghsanna a shocrú le húinéirí tithe altranais príobháideacha agus deonacha araon. Is faoi chúram an FSS atá riar na scéime, costais na dtithe altranais poiblí, próiseáil na n-iarratas agus an bhainistíocht ghinearálta ar an maoiniú faoi Scéim Chothrom na Féinne.

Nuair atá dual ag teach altranais príobháideach teacht faoin Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, déantar an socrú maidir le praghsanna a dhéantar leo a chur síos i scríbhinn i nGníomhas Comhshocraíochta idir an CNCC agus úinéir an tí altranais:

- Sainmhíniú ar an gcúram cónaitheach fadtréimhseach;
- Freagrachtaí na bpáirtithe leis an gconradh (Úinéir an tigh altranais agus an CNCC);
- An t-uasphraghas comhaontaithe.

Déanann an CNCC moltaí maidir le praghsanna de chuid tithe altranais príobháideacha agus deonacha a mheas faoi bhun ceithre cheannteideal (gan aon ord tosaíochta ag baint leo):

- Na costais a thabhaigh an teach altranais iad trí ghníomhaíocht chiallmhar stuama agus fianaise ann ar luach ar airgead;
- Praghas/praghsanna a gearradh roimhe seo;
- Praghas an mhargaidh áitiúil; agus,
- Constaicí buiséadacha agus an oibleagáid a chuirtear ar an Stát chun na hacmhainní atá ar fáil a chur chun i bhfeidhm sa tslí is tairbhí, is éifeachúla agus is éifeachtaí chun sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chur chun cinn agus a chosaint.

Is leis na tithe altranais ar leith a bhíonn an idirbheartaíocht leis na tithe altranais (seachas chomhchaibidlíocht le comhlacht ionadaíoch). De ghnáth bíonn roinnt mhaith teagmhála i gceist leis seo agus cruinnithe duine-ar-dhuine le gach aon úinéir.

Ag deireadh 2017, bhí 431 teach altranais tar éis conarthaí praghsála a shocrú leis an CNCC agus b'ionann an meánphraghas náisiúnta san iomlán a ndearnadh é a shocrú leis na tithe altranais agus €941 sa tseachtain. B'ionann sin agus méadú de 2.4% ar an bhfigiúr céanna do dheireadh 2016, agus b'ionann sin agus €919 le 434 teach altranais.

In 2018, leanfaidh an CNCC ag deimhniú go mbaintear amach deamhargadh don cháiníocóir agus go n-uasmhéadaítear luach an chiste atá ar fáil don Scéim Chothrom na Féinne ar mhaithe leosan a meastar géarghá a bheith orthu don chúram cónaitheach fadtréimhseach.

Mar a bhí molta i dtuarascáil 2015 de chuid na Roinne Sláinte ar Tacaíocht do Thithe Altranais, le linn 2017 leanadh ar aghaidh sa CNCC ag machnamh ar an dualgas atá ar an eagraíocht de réir mar a bhaineann sí:

- Le leordhóthanacht an chumais chun seirbhís chónaitheach a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil cúram casta de dhíth orthu
- Le luach ar airgead, le barainne agus le costais riaracháin don chliant, don Stát agus dár soláthraithe
- Le cé chomh follasach is atá an tslí ina ndéantar na socruithe (chun áirithiú gur féidir le hinfheisteoirí reatha agus infheisteoirí ionchasacha teacht ar chinntí eolacha)

Ba mhian linn aitheantas a thabhairt don phroifisiúntacht agus don chúirtéis atá tugtha ag úinéirí na dtithe altranais dár n-ionadaithe le linn don idirbheartaíocht maidir le praghsanna agus táimid ag súil go mór leanúint ar aghaidh a bheith ag déanamh gnó leo in 2018.

5.4 Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha

Tá feidhmeanna ag an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha san CNCC maidir le hAcmhainní Daonna, an rialachas corparáideach agus réimsí eile d'oibriúchán.

Acmhainní Daonna, agus gníomhaíochtaí lárnacha maidir le(is):

- soláthar seirbhíse Acmhainní Daonna
- forbairt eagraíochta
- forbairt gairme, bainistiú tallainne agus an fhoghlaim agus an fhorbairt
- an gCumarsáid & an gComhairliúchán
- an mbainistíocht pinsean

An Rialachas Corparáideach:

- An soláthar corparáideach agus polasaithe agus gnásanna um sholáthar
- Bainistíocht ar conarthaí
- Iniúchadh & an Bhainistíocht Riosca

Réimsí oibriúcháin eile:

- Sláinte agus Sábháilteacht
- Cumarsáid
- Saoráil Faisnéise
- Cosaint Sonraí
- Bainistiú Saoráidí
- Bainistíocht Taifead

Tá sé chuspóir ardleibhéil ann don tréimhse 2017 go dtí 2019 leagtha amach i Straitéis an CNCC, lena n-áirítear cuspóir chun áirithiú go bhfuil an bonneagar oibriúcháin oiriúnach don fheidhm. Cuireann an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha leis an obair seo, agus téann sí ina tacú léi chomh maith, trí straitéisí a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an fheidhmíocht agus foireann cumasach tiomanta a chothú agus a éascú.

Laistigh den CNCC aithnítear gurb í an fhoireann an tsócmhainn is luachmhara atá ann agus gurb é an tsaoithiúlacht, an tiomantas agus an díograiseacht atá acu go bhfágann go bhfuil an eagraíocht in ann na dualgais atá aici a bhaint amach maidir le feabhsaithe feidhmíochta a chur i gcrích chun cóireáil a thabhairt d'othair níos tapúla. Cuireann Acmhainní Daonna réitigh ar fáil chun deimhniú éifeachtúlacht na heagraíochta agus chomh maith leis sin chun deimhniú go dtugtar seirbhís oibríochtúil den chéad ghrád d'fhostaithe an CNCC. Déanann an CNCC iarracht timpeallacht a chothú dó féin ina gcuirtear an fhorbairt chun cinn, ina uasmhéadaítear barr chumais an duine agus ina dtagann rath as an nuálaíocht. Is páirteanna lárnacha den tsraith uirlisí Acmhainní Daonna na heagraíochta iad an fhoghlaim agus an fhorbairt.

Tá an CNCC tiomanta dó go gcuirfear an fhorbairt ghairmiúil leanúnach chun cinn agus go dtacófar le daoine aonair teacht ar cháilíochtaí tríú leibhéal, agus scileanna ceannaireachta, bainisteoireachta agus gairmiúla a fhorbairt.

De réir mar a leanann an eagraíocht ar aghaidh ag athrú go leanúnach tá sé ríthábhachtach go meallann sé daoine a bhfuil an tacair scileanna agus inniúlachtaí oiriúnach acu, agus go bhfuil sí in ann na daoine sin a choimeád. Mar ghné bunriachtanach den straitéis chun an Plean Straitéiseach a réadú, caithfidh an CNCC a áirithiú go bhfuil an líon daoine cumasacha, agus scileanna acu, gurb éigean dúinn a bheith againn.

Trí thacaíocht a thabhairt d'fhoireann an CNCC, déanann an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha a dheimhniú go bhfuil an timpeallacht oibre oiriúnach don chuspóir agus oifigí, áiseanna agus trealamh oiriúnacha ar fáil. Anuas air sin, tugtar tacaíocht d'fhoireann an CNCC leis an Aonad tríd an fhorbairt agus an forfheidhmiú a dhéanann sé ar pholasaithe agus gnásanna oiriúnacha, trí shócmhainní na heagraíochta a chosain agus trí luach ar airgead a áirithiú maidir leis an airgead a chaitear inti.

5.5 Stiúrthóireacht na Nuálaíochta maidir le Próisis

Alison Green, Stiúrthóir Nuálaíochta Próiseas

Réamhrá

Le linn mhí Iúil 2017 d'aistrigh an Oifig Bainistíochta Tionscadail, CNCC go dtí an tAonad na Nuálaíochta maidir le Próisis (PIU). Tháinig an t-aistriú seo sna sála air athbhreithniú a ndearnadh ar an ról atá ag athrú go leanúint atá ag an Oifig Bainistíochta Tionscadal (PMO) lenar tugadh faoi deara go raibh níos mó ná tionscadail amháin a bhíothas ag cur ar fáil leis an Aonad.

Le bheith cruinn faoi, bhí an tAonad ag dul chun tosaigh agus ag cur sraith de leasuithe mórscála nua agus tionscnaimh um fheabhsuithe próiseas i bhfeidhm in Earnáil na Sláinte trí idirbheartaíocht thras-chórais, agus trí thairbhe a ghlac as roinnt modhanna a bhfuil sé cruthaithe go bhfeidhmíonn siad e.g. PRINCE, LEAN agus Agile.

Ról Aonaid na Nuálaíochta maidir le Próisis

Cuireann Aonad na Nuálaíochta maidir le Próisis leis an luach atá sa Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála trí na cúraim lárnacha seo a leanas a chur ar fáil:

- Treoir a thabhairt do Thionscadail CNCC Náisiúnta agus Inmheánacha, agus iad sin a chur i bhfeidhm
- Laghdaigh an Éagsúlacht sa Phróiseas agus cur leis an gCaighdeánú maidir le Próisis sa chóras sláinte
- Smaointí nua a aithint, a thriall agus iad a chur in iúl
- Glac le ceannaireacht, téigh i bhfeidhm, forfheidhmigh agus cuir athruithe inbhuanaithe i gcrích
- An fhoghlaim, an tsaintaithí agus teicnící a chomhroinnt le cúnamh foirne uirlisí agus Cláir struchtúrtha Oiliúna agus Forbartha
- Ócáidí Nuálaíochta d'Earnáil na Sláinte a thionól agus a éascú

Siompóisiam CNCC 2017

Ar an 19 Eanáir 2017 thionól an CNCC Siompóisiam in Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail timpeall 300 toscaire ó gach cearn don Earnáil Sláinte in Éirinn ar an ócáid seo. I measc na daoine a bhí i láthair ann áirítear oifigigh de chuid an rialtais, daoine taobh thiar den pholasaí sa chúram slainte, agus baill feidhmeannaigh de chuid grúpaí ospidéal, ceannairí sinsearacha cúraim sláinte agus bainisteoirí ón earnáil sláinte, phoiblí agus phríobáideach araon.

Is éard a bhí mar chuspóir Shiompóisiam CNCC ná ócáid fhoirmeálta a thionól chun:

1. Plean Staitéiseach agus Gníomhartha an CNCC, 2017 - 2019 a sheoladh
2. Prótacal Náisiúnta i leith Ghnáis do Liostaí Feithimh atá Beartaithe maidir le Cásanna Othar Lae Cónaitheach, 2017 a sheoladh
3. Dámhachtain Cáilíochta Sonraí CNCC 2016 a bhronnadh

Bhí an tAire Sláinte, an tUas. Simon Harris, a d'oscail an ócáid, i láthair, agus ba é an tOll. Luigi Siciliani, Eacnamaí Sláinte, Ollscoil Eabhraic, an spreagchainteoir ar an lá.

Prótacal Náisiúnta i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh do Ghnáis IDPP 2017

Tar éis don Phrótacal Náisiúnta i leith Ghnáis do Liostaí Feithimh atá Beartaithe maidir le Cásanna Othar Lae Cónaitheach, 2017 a bheith seolta, chuir an PIU rompu an polasaí sin a leathadh amach de réir a chéile agus Clár Oiliúna agus Forbartha a chur i gcrích maidir leis, chomh maith.

Cuireadh sraith léirithe agus seisiúin eolais i láthair do gach aon cheann de na seacht nGrúpa Ospidéal timpeall na tíre, agus timpeall 270 ball foirne ón earnáil chúraim beartaithe i láthair iontu.

Tháinig Clár Oiliúna agus Forbartha IDPP agus mioneolas ar fáil ann sna sála air sin, clár a bhí deartha ar mhaithe le freastal ar riachtanais gCeannairí ar an gCúram Beartaithe ar bhonn an Ospidéil agus ar bhonn an Ghrúpa Ospidéal araon.

Bhí an clár seo bunaithe ar an gcoincheap sin, 'Oiliúint don Oiliúnóir' agus ar an mbealach sin spreagtar an fhoireann chun a gcomhghleacaithe a thraenáil ar ais ar an láithreán in ospidéil. D'éirigh le gach aon rannpháirtí Teastas Oiliúna IDPP CNCC a fháil.

B'éigean do gach aon rannpháirtí suirbhé um shástacht a líonadh amach agus léiríodh leis sin go raibh ráta sásaimh 95% ann i dtaca leis an gclár a gcuireadh ar fáil. Úsáidfear aiseolas ón suirbhé seo chun cur le Clár Oiliúna agus Forbartha IDPP 2018.

Clár Oiliúna agus Forbartha IDPP 2017		
Líon na nGrúpaí Ospidéal	Líon na Daoine a bhí i láthair	Ráta Sásaimh leis an gClár
7	82	95%

Indéantacht leanúint ar aghaidh i dtreo cur chuige níos comhtháite i leith an Bhainistíocht ar Liostaí Feithimh ar bhonn an Ghrúpa Ospidéil

Ar an 23 Feabhra 2017 scríobh an tAire Sláinte, Simon Harris, chuig an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) agus d'iarraidh sé ar an CNCC "foireann tionscadail a bhunú agus a stiúir agus na saineolaithe agus geallsealbhóirí oiriúnacha uirthi chun scrúdú a dhéanamh ar cé chomh hindéanta is a bheadh sé leanúint ar aghaidh i dtreo cur chuige níos comhtháite roimh an mbainisteoireacht ar liostaí feithimh ar bhonn an Ghrúpa Ospidéal" agus go dtabharfar tuarascáil dó faoi dheireadh mhí Lúnasa 2017.

Ionas go mbeifear in ann an tionscadal seo a chur i bhfeidhm, bunaíodh Grúpa stiúrtha de gheallsealbhóirí príomhúla ón CNCC, ón FSS, ón Roinn Sláinte agus ó Ghrúpaí Ospidéal agus cathaoirleacht á déanamh air ag Stiúrthóir na Nuálaíochta maidir le Próisis de chuid an CNCC.

1. Samhla bainistíocha comhtháite um liostaí feithimh ar éirigh leo a shainaithint chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht maidir le rochtain d'othair ar leibhéal an Ghrúpa Ospidéal in Éirinn
2. Athbhreithniú sistéamach a dheánamh ar an stádas reatha atá ag Éirinn maidir le cur chuige níos comhtháithe a chur i bhfeidhm chun bainisteoireacht a dhéanamh ar liostaí feithimh ag leibhéal an Ghrúpa Ospidéal de
3. Anailís ar bhearnaí a dhéanamh idir an staid reatha in Éirinn agus na samhla atá aitheanta mar shamhla ar éirigh leo timpeall an domhain
4. Cuir staidéar féidearthachta, tuarascáil agus moltaí ar fáil don Aire i dtaca le leanúint ar aghaidh i dtreo cur chuige níos comhtháite i leith an Bhainistíocht ar Liostaí Feithimh ar bhonn an Ghrúpa Ospidéil

Cuireadh tuarascáil deiridh mionsonraithe faoi bhráid an Aire go luath i mí Mheán Fómhair, agus moltaí ann leis.

Tá na tionscadail a cuireadh tús leo in 2017 in am a bheith curtha i gcrích le linn 2018

I measc tionscadail eile a cuireadh tús leo in 2017 agus atá in am a bheith curtha i gcrích le linn 2018, áirítear:

An Beartú Tosaíochta Cliniciúil

Beidh an CNCC ag obair i gcomhar leis an FSS agus na Cláir um Chúram Cliniciúil chun Próiseas Tosaíochta Cliniciúil nua a fhorbairt. Is iad cuspóirí príomhacha an phróiseas um Tosaíocht Chliniciúil ná:

- Catagóirí den tosaíocht chliniciúil a chaighdeánú do na hothair a bhfuil gá dóibh cóireáil ospidéil a fháil;
- Catagóirí den tosaíocht chliniciúil de na hothair atá ar Liostaí Feithimh Othar Cónaitheach agus Othar Lae a ailíniú leosan a bhfuil ar Liostaí Feithimh Othar Sheachtracha agus ar Liostaí Feithimh do dhiagnóis;
- Laghdaigh an t-athbhrí a bhaineann le hothair a n-aicmítear iad de réir triáis mar 'Phráinneach';
- Faisnéis níos cruinne a thiomsú agus a thuairisciú maidir le beartuithe tosaíochta cliniciúla agus na huaireanta feithimh a bhaineann leo.

Teagmháil le hOthair

Beidh an CNCC ag obair i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus an FSS chun teagmháil othar chaighdeánach a dhear agus a fhorbairt, agus chun triail a bhaint astu. Is iad cuspóirí príomhacha sa Tionscadal um Theagmháil Othar ná:

- An éagsúlacht a laghdú trí sraith de chomhfhreagras othair thar láithreáin ospidéil ar fad Éireann a chaighdeánú;
- Feabhas a chur ar an bhfriotal a úsáidtear i gcomhfhreagras ionas go mbeidh sé níos éasca d'othair é a thuiscint;
- Cur leis an rannpháirtíocht ghníomhach ó othair agus le freagrachtaí d'idirtheagmháil;
- An idirchumarsáid le dochtúirí ginearálta a fheabhsú;
- Na torthaí leis an mbailíochtú a fheabhsú;
- Feabhas a chur leis an tinreamh othar ar chlinicí.

An Tionscadal um Choimisiúnú

TIs é príomhchuspóir an Tionscadail um Choimisiúnú ná chun Ceardlann Coimisiúnaithe Náisiúnta a eagrú, a chur i láthair agus a éascú go luath in 2018 agus ionadaíocht ann ón Roinn Sláinte, ón FSS, ó Ghrúpaí Ospidéal agus ó ospidéil aonair. Is éard is cuspóir na ceardlainne ná aiseolas ó gheallsealbhóirí agus faisnéis maidir le Próiseas Coimisiúnaithe 2017 a bhailiú, a thiomsú agus é a phlé. Beidh sé sin ina tairbhe don CNCC chun deiseanna chun feabhsaithe a chur i gcrích a shainaithin agus a phlé le linn 2018.

Bord An Chiste Náisiúnta
um Cheannach Cóireála

Ráiteas Airgeadais

Don Bhliain dár Críoch an 31 NOLLAIG 2017

Eolas Ginearálta

Comhaltaí an Bhoird:	John Horan(Cathaoirleach) Patricia Byron (ceaptha ar an 25/05/17) Sheila Bailey (deireadh lena tréimhse oifige ar an 27/02/17) Bernadette Costello Patrick Gibbons Terry McWade James Melly Jack Nagle Brendan O'Donoghue Anne Stewart (ceaptha ar an 25/05/17) Anne-Marie Taylor (deireadh lena tréimhse oifige ar an 27/02/17)
Rúnaí an Choiste:	Liz Lottering
Ceannoifig:	Ashford House Sráid na Teamhrach Baile Átha Cliath 2
Uimh. Theileafóin:	+353 1 6427 101
Uimh. Faics:	+353 1 6427 102
Láithreán Gréasáin:	www.ntpf.ie
Iniúchóir:	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3 Sraid an Mhéara Uachtarach An Port Thuaidh Baile Átha Cliath 1
Baincéirí Príomhacha:	Banc AIB Teoranta Bóthar Shoird Seantrabh Baile Átha Cliath 9
Aturnaetha:	Philip Lee Solicitors 7/8 Ardán Wilton Baile Átha Cliath 2

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

Rialachas

Bunaíodh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) faoi bhun Ionstraime Reachtúla (I.R.) 179 - an tOrdú fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004 arna leasú leis an Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais (2009). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 4 den I.R. sin, Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá siad freagrach as deimhniú go nglactar leis an ndea-rialachas agus is trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach, agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh i dtaca leis na ceisteanna gnó tábhachta go léir a dhéanann sé é seo. Tá an Príomhoifigeach feidhmiúcháin (POF) agus an foireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil an CNCC. Caithfidh an POF agus an fhoireann ardbhainistíochta an treoir straitéiseach a leagann síos an Bord, agus ní mór do gach aon chomhalta de chuid an Bhoird tuiscint shoiléir a bheith acu ar na gníomhartha príomhúla agus cinntí a bhaineann leis an gcomhlacht, agus ar aon cheann de na rioscaí suntasacha a fhéadfar a tharlú. Feidhmhíonn an POF mar nasc díreach idir an mBord agus an mbainiseoireacht sa CNCC.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach in san Ionstraim Reachtúil. Áirítear leis na buanmhíreanna a chuireann an Bord san áireamh:

- Fógairt leasa
- Tuarascálacha ó na coistí
- Cuntais airgeadais/cuntais bhainistíochta
- Tuairiscí Feidhmíochta
- Cúrsaí forchoimeádta

Ceanglaítear le hAlt 6 (10.1) den Ionstraim Reachtúil go gcoimeádfaidh Bord an CNCC, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an Bord nó a chaithfidh sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á réiteach, ceanglaitear an méid seo a leanas ar an CNCC:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm i gcónaí
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn atá ar siúl, ach amháin más rud é go mbeadh sé neamhoiriúnach go gceapfaí go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntas leordhóthanacha a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais hAlt 6(10.1) den Ionstraim Reachtúil. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an CNCC. Tá an Bord freagrach as faomhadh a dhéanamh ar an bplean bliantúil agus ar an mbuiséad.

Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh, dá bhrí sin, chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is é tuairim an Bhoird ná go dtugtar léargas fíorcheart cóir ar staid chúrsaí na cuideachta i ráitis airgeadais an CNCC maidir le hioncam agus le caiteachas an CNCC amhail ar an 31 Nollaig 2017.

Struchtúr an Bhoird

Is éard atá sa Bhord ná Cathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí, agus gach duine ceaptha ag an Aire Sláinte. Is le tréimhse trí bliana a cheaptar comhaltaí an Bhoird agus tagann siad le chéile ar bhonn rialta Sa tábla thíos, taispeántar an dáta ceapacháin is déanaí do na comhaltaí reatha:

Comhalta an Bhoird	Ról	Dáta is Déanaí a Ceapadh é
John Horan	Cathaoirleach	03 Meitheamh 2017
Patricia Byron	Gnáthbhall	25 Bealtaine 2017
Bernadette Costello	Gnáthbhall	28 Feabhra 2017
Patrick Gibbons	Gnáthbhall	28 Feabhra 2017
Terry McWade	Gnáthbhall	28 Feabhra 2017
James Melly	Gnáthbhall	28 Feabhra 2017
Jack Nagle	Gnáthbhall	28 Feabhra 2017
Brendan O'Donoghue	Gnáthbhall	28 Feabhra 2017
Anne Stewart	Gnáthbhall	25 Bealtaine 2017

Chuir an Bord tús le hAthbhreithniú Éifeachtúlachta agus Meastóireachta i mí an Mheithimh 2017 agus tugadh é sin chun críche i mí Iúil 2017.

Tá dhá choiste curtha i mbun ag an mBord:

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca; lena gcuimsíonn ceathrar comhaltaí de chuid an Bhoird. Is é an ról atá ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ná chun tacaíocht a thabhairt don Bhord i dtaca lena gcuid freagrachtaí d'ábhair a bhaineann le riosca, le rialú agus le rialachas, agus an dearbhú a bhaineann leis sin uile. Tá an ARC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áirithíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na gcórais rialaithe inmhéanacha, lena n-áirítear gníomhartha iniúchta. Tuairiscíonn an ARC don Bhord tar éis gach uile chruinniú, agus i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad An Dr. Terry McWade (Cathaoirleach), Bernadette Costello, Patrick Gibbons agus Anne Stewart comhalta an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Bhí 4 chruinniú ag an ARC le linn 2017.

An Coiste Straitéise; lena gcuimsíonn ceathrar comhaltaí de chuid an Bhoird. Is é an ról atá ag an gCoiste um Straitéis ná chun tacú leis an mbord i dtaca lena chuid freagrachtaí maidir leis an straitéis gur cheart a bheith curtha i gcrích d'fhonn an dualgais atá aige de réir an Orduithe fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004 a chomhlíonadh

Is iad Jack Nagle (Cathaoirleach), Brendan O'Donoghue, James Melly agus Anne-Marie Taylor comhaltaí an Choiste um Straitéis. Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Straitéise le linn 2017..

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh do na cruinnithe de chuid an Bhoird agus an in 2017 leagtha amach thíos, lena sonraítear na táillí agus na speansais a fuair gach uile chomhalta.

Líon cruinnithe	Bord	An Coiste Iniúchóireachta & Riosca	An Coiste Straitéise	Táillí 2017 €	Speansais 2017 €
Number of Meetings	**8**	**4**	**3**		
John Horan (Chair)	8			11,970	1,137
Patricia Byron	4			4,489	0
Bernadette Costello	8	4		0	4,624
Patrick Gibbons	8	4		7,695	172
James Melly	8		3	7,695	379
Jack Nagle	8		3	7,695	2,056
Terry McWade	8	4		7,695	0
Brendan O'Donoghue	6	3	3	7,695	0
Anne Stewart	4			4,489	0
Anne-Marie Taylor	1		1	1,283	0
Sheila Bailey	1			1,283	0
Iomlán:				**61,989**	**8,368**

Ní bhfuair stiúrthóir amháin, Bernadette Costello, Táille an Bhoird faoi phrionsabal an Duine Duine a hAon ahAon (OPOS).

Chríochnaigh beirt bhall den Bhord, Sheila Bailey and Anne-Marie Taylor, a dtéarma oifige an 27 Feabhra 2017.

Athruithe Príomhacha san Fhoireann

D'éirigh beirt chomhaltaí as an mBord le linn na bliana, ag deireadh a thréimhsí feidhmithe. Rinne an tAire beirt chomhaltaí nua a cheapadh de réir an Orduithe fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004.

D'éirigh an POF gníomhach as a phost le héifeacht ón 14 Márta 2017 agus ceapadh POF lánaimseartha nua le héifeacht ón 4 Bealtaine 2017.

D'éirigh an Stiúrthóir Airgeadais as a phost le héifeacht ón 14 Aibreán 2017 agus ceapadh Stiúrthóir Airgeadais gníomhach le héifeacht ón 23 Márta 2017.

Nochtadh atá de dhíth faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as go ndéanfar cinnte de go gcomhlíonann an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála le ceangaltais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód an t-ábhar seo a leanas a bheith nochta:

Briseadh síos ar na Sochair Ghearrthéarma d'Fhostaithe
Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a aicmiú i mbandaí mar seo a leanas:

Líon na bhFostaithe

Ó	Go dtí	2017	2016
€60,000	- € 69,999	4	4
€70,000	- €79,999	-	2
€80,000	- €89,999	3	-
€90,000	- €99,999	-	-
€100,000	- €109,999	-	1
Iomlán		**7**	**7**

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear mar shochair gearrthéarmacha don bhfostaí maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, liúntais, agus aon íochaíochtaí eile a dhéantar in ainm an fhostaithe, ach ní áirítear leo ASPC an fhostóra.

Costais Sainchomhairleora

Feabhsúchán Gnó - Caitheadh suim de €25,000 (2016 €101,000) glan ó CBL i dtaca le chomhairle don Bhord maidir le hAthbhreithniú ar an gCóras Praghsála atá i bhfeidhm faoi láthair faoi bhun na Scéime um Thacaíocht Tithe Banaltrais.

Comhairle Dlí - B'ionann na costais dhlíthiúla iomlán in 2017 agus €104,509 as an gcomhairle dhlíthiúil ginearálta (2016 €38,303). Ní dhearnadh aon socraíochtaí dlí in 2017 ná i 2016.

Taisteal agus Cothabháil	Intíre		Thar lear		Iomlán	
	2017	2016	2017	2016	2017	2016
Foireann	58,460	58,356	411	0	58,871	58,356
Bord	8,368	18,375	0	1,606	8,368	19,981
Iomlán	**66,828**	**76,731**	**411**	**1,606**	**67,239**	**78,337**

Caiteachas ar Fháilteachas;

Tabhaíodh €722 leis an bhfáilteachas inmheánach don bhliain 2017 (2016 €0) Tabhaíodh €0 leis an bhfáilteachas seachtrach don bhliain 2017 (2016 €0).

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus gnásanna a chur in áit chun géilliúlacht leis an gCód sin a chinntiú. Bhí an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála go hiomlán i gcomhlíonadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don bhliain 2017.

Thar ceann Bhord an CNCC:

John Horan
Cathaoirleach

Dáta: 21 Nollaig 2018

Terry McWade
Comhalta de chuid an Bhoird

Dáta: 21 Nollaig 2018

An Ráiteas ar an Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Thar ceann an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC), aithním an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo na ceangaltais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun bainisteoireacht a dhéanamh ar riosca go leibhéal infhulaingthe seachas chun déanamh réidh de ar fad. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha.

Bhí an córas rialuithe inmheánacha, a réitíonn leis na treoracha a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in ionad sa CNCC don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An Cumas chun an Riosca a Láimhseáil

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) sa CNCC, lena gcuimsítear ceathrar comhaltaí de chuid an Bhoird a bhfuil taithí airgeadais agus iniúchta acu, agus duine dóibh ainmnithe ina chathaoirleach. Tháinig an ARC le chéile ceithre uaire le linn 2017.

Tá an CNCC tar éis feidhm iniúchóireachta inmheánaigh a bhunú chomh maith dá dtugtar acmhainní di agus lena dtugtar clár oibre ar fáil de réir mar a dhéantar aontas air i gcomhar leis an ARC.

Tá an ARC tar éis polasaí um bainistiú riosca a fhorbairt lena leagtar amach an dúil sa riosca atá san eagraíocht, an próiseas bainistíochta riosca atá socraithe agus sonraí faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá ag an bhfoireann i dtaca leis an riosca. Táthar tar éis an polasaí a eisiúint do na bhaill foirne go léir atá beartaithe le bheith ag obair faoi pholasaithe um bainistíocht riosca an CNCC, chun an bainisteoireacht a chur san airdeall maidir le rioscaí éiritheacha, chun lagaí a rialú agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialaithe laistigh dá réimse chúraim féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an CNCC a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na príomhghníomhartha a dhéantar chun déileáil leis na rioscaí sin agus, chomh fada is gur féidir, chun na rioscaí sin a mhoilliú.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá ann don CNCC agus tá na rioscaí sin aitheanta, tá measúnacht déanta orthu agus tá siad grádaithe in ord suntasachta.

Déanann an ARC an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ag gach uile cheann dá chuid cruinnithe. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh ar shlí ina ndeimhnítear go ndéantar dóthain bainistíocht orthu.

Sa chlár rioscaí cuirtear síos sonraí ar na rialaithe agus ar na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar dualgais maidir le feidhmiú rialaithe do bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di;

- tá taifead déanta i ndoiciméid ar na nósanna imeachta príomhacha;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach;
- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air;
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- tá córais socraithe chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá gnásanna foirmeálta curtha ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh chomh maith leis an mBord ar an eolas faoi aon lagaithe rialaithe, nuair is gá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha i bhfeidhm de réir mar seo a leanas;

- go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na príomhrialaithe sin agus chun aon lagaithe ar tugadh faoi deara iad a thuairisciú
- go bhfuil socruithe tuairiscithe bunaithe ag na leibhéil uile ar bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta,
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais agus feidhmiúcháin lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéisí.

An Soláthar

Deimhním go bhfuil gnásanna curtha i bhfeidhm ag an CNCC chun áirithiú go gcomhlíontar leis na rialacha agus treoracha reatha um sholáthar. Ag seo thíos, tá ceisteanna a bhaineann le rialúcháin ar sholáthar leagtha amach faoin teideal “ceisteanna a bhaineann le rialú inmheánach”.

Deimhním go bhfuil an Bord tar éis athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht na srianta inmheánacha in 2017.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil gnásanna curtha i bhfeidhm ag an CNCC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a cuid gnásanna bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, agus obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, bonn eolais a chur ar an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach atá againn agus tá an bhainisteoireacht shinsearach sa CNCC freagrach as forbairt agus as cothabháil an creat rialaithe inmheánaigh.

Ceisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach:

An soláthar neamhchomhlíontach

Le linn 2017, b’éigean don ciste an méid gníomhaíochta a dhéanann an ciste a mhéadú go sonrach, agus go méadófar líon na foirne ann chomh maith, tar éis cinneadh a rinne an Rialtas go dtosódh sé den athuair cóireáil a choimisiúnú d’othair. Le linn na tréimhse shuntasach seo, rinneadh conarthaí a bhí i bhfeidhm chun seirbhísí áirithe a sholáthar a shíneadh amach. Tabhaíodh caiteachas de €92,063 in 2017 i dtaca leis na seirbhísí sin. Cuireadh tús le comórtais tairiscint le haghaidh na seirbhísí seo le linn 2018.

Thar ceann Bhord an CNCC:

_____

John Horan
Cathaoirleach

Dáta: 21 Nollaig 2018

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

Barúil maidir leis na ráitis airgeadais

Táimse tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo i gcomhréir an Chaighdeáin Tuairisciú Airgeadais (FRS) 102, An Caighdeán Tuairisciú Airgeadais atá infheidhmithe in Éirinn agus sa RA, agus cuimsítear iontu

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchiste ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar an sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara leo siúd, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta.

I mo thuairimse féin, cé is moite den neamhchomhlíonadh le ceangaltais FRS 102 i dtaca le teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, tugtar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta sna ráitis airgeadais i dtaca le sochair agus dochair Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála amhail ar an 31 Nollaig 2017 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bhliain 2017 de réir FRS 102.

Bonn leis an mbarúil maidir leis na ráitis airgeadais

I gcomhlíonadh le treoracha an Aire Sláinte, déanann Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála costais teidlíochtaí sochair scoir a thuairisciú de réir mar a éiríonn siad le bheith iníoctha. Ní ionann sin agus an comhlíonadh le FRS 102 lenarb éigean go dtuairiscítear sna ráitis airgeadais lánchostas na dteidlíochtaí sochair scoir a thoilltear le linn na tréimhse atá á tuairisciú. Níltear tar éis tomhas a dhéanamh ar an toradh atá ag an neamhchomhlíonadh seo i ráitis airgeadais Bhord An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála don bhliain 2017.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar aon dul le Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISAanna) de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar na freagrachtaí a chuirtear orm de réir na caighdeán sin atá ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá agam comhlíonta agam ar aon dul leis na caighdeáin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá bailithe agam leordhóthanach iomchuí chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá Bord An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála tar éis roinnt eolais eile a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird chomh maith leis an Ráiteas ar Rialú Inmheánach. Tá cur síos ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá agam chun tuairisciú maidir le heolas dá leithéid, agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht chomh maith.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus Mc Carthy

Seamus MacCárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Nollaig 2018

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas	2	22,600,000	5,100,000
Ioncam ón FSS	3	-	28,767,120
Ioncam Eile		11,668	74,330
Ioncam Iomlán		**22,611,668**	**33,941,450**
Lúide: Caiteachas			
Caiteachas ar Chúram Othar	4	13,050,001	30,387,932
Speansais Riaracháin	5	4,374,123	3,899,689
Caiteachas Iomlán		**17,424,124**	**34,287,621**
Farasbarr / Easnamh don bhliain roimh leithreasaí		**5,187,544**	**(346,171)**
Aistriú go dtí an / ón gCuntas Caipitil	**12**	**(7,189)**	**26,104**
Farasbarr / Easnamh don bhliain i ndiaidh leithreasaí		**5,180,355**	**(320,067)**
Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		834,186	1,154,253
Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		**6,014,541**	**834,186**

Áirítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus na caillteanais go léir a tuairiscítear don bhliain.

Cuimsítear an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus nótaí 1 - 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála:

John Horan
Cathaoirleach

Dáta: 21 Nollaig 2018

Terry McWade
Comhalta de chuid an Bhoird

Dáta: 21 Nollaig 2018

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Sócmhainní Seasta	7	106,364	99,174
Sóchmhainní Reatha			
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	8	102,999	399,191
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	9	14,247,853	1,726,272
		14,350,852	2,125,463
Dliteanais Reatha (méideanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin)			
Suimeanna Iníoctha Cúraim agus Fabhruithe Cúraim	10	7,626,952	931,191
Suimeanna Iníoctha Neamhchúraim agus Fabhruithe Neamhchúraim	11	709,360	360,084
		8,336,312	**1,291,276**
Glansócmhainní Reatha		**6,014,540**	**834,186**
Glansóchmainní Reatha Iomlán		**6,120,904**	**933,360**
Arna léiriú ag			
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais.		6,014,541	834,186
Cuntas Caipitil	12	106,363	99,174
		6,120,904	**933,360**

Cuimsítear an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus nótaí 1 - 15 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála:

John Horan
Cathaoirleach

Dáta: 21 Nollaig 2018

Terry McWade
Comhalta de chuid an Bhoird

Dáta: 21 Nollaig 2018

Ráiteas ar na Sreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Glanshreafaí airgid ó oibriúcháin ghníomhartha			
Farasbarr / (easnamh) ioncaim thar caiteachas		5,187,544	(346,171)
Dímheas agus bearnúchán sócmhainní seasta	7	58,023	66,082
Laghdú ar infháltais		296,190	12,268,913
Glanmhéadú/(glanlaghdú) i suimeanna iníoctha		7,045,036	(12,346,055)
Glanshreafaí airgid ó oibriúcháin ghníomhartha		**12,586,793**	**(357,231)**
Sreafaí airgid ó oibriúcháin infheistithe			
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a shealbhú	7	(65,212)	(39,978)
Glanshreafaí Airgid ó Oibriúcháin Infheistithe		**(65,212)**	**(39,978)**
Glanmhéadú/(glanlaghdú) airgid tirim nó a chomhluach		12,521,581	(397,209)
Airgead tirim nó a chomhluach amhail ar an 1 Eanáir		1,726,272	2,123,481
Airgead tirim nó a chomhluach amhail ar an 31 Nollaig		**14,247,853**	**1,726,272**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

1. Beartas Chuntasaíochta

Tá bonn na bpolasaithe custasaíochta suntasacha a bhfuil Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bord an CNCC) tar éis dó a ghlacadh leo leagtha amach thíos. Táthar tar éis iad go léir a chur i bhfeidhm go seasta ar fad na bliana agus ar fad na bliana a tháinig roimpi.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Bord an CNCC faoi bhun an Orduithe fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004 arna leasú leis an Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009 agus tá a cheannoifig lonnaithe in Ashfield House, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas na cuspóirí atá ag Bord an CNCC:

(i) Chun socruithe a chur i mbun le daoine, bíodh siad sin ina gcónaitheoirí sa Stát seo nó i dtír eile, le cóireáil ospidéil a chur ar fail do na haicmí áirithe de dhaoine de réir mar bheartaíonn an tAire ó am go ham.

(ii) Chun faisnéis a bhaineann le daoine atá ag feitheamh ar chóireáil ospidéil a bhailiú, a thiomsú agus a dhearbhú, agus chun córais faisnéise agus gnásanna a chur i bhfeidhm chun na críche sin.

(iii) Chun comhairle a thabhairt don Aire de réir mar a bhíonn gá leis, nó ar a thionscnaimh féin, ar ábhair a bhaineann lena fheidhmeanna.

(iv) Chun idirbheartaíocht a dhéanamh le húinéirí tithe altranais cláraithe chun teacht ar chomhaontas maidir leis na huasphraghsanna a ghearrfar as soláthar seirbhísí cúraim chónaitheach fadtréimhseach do Chónaitheoirí faoin Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais agus chun sonraí de na chomhaontais uile sin le Tithe Altranais faofa a chur ar fáil don FSS.

(v) Scéimeanna a fhorbairt chun an laghdú de réir a chéile ar an uasteorainn do na huaireanta feithimh don chéad choinne d'othair sheachtracha a thacú agus a éascú.

(vi) Chun tacú le beartaithe chun cur leis an eispéireas a mbíonn ag an othar maidir le cúrsaí ama agus feidhmiúcháin i rannóga éigeandála ospidéal trí chláir shonraithe tacaíochta a chur i bhfeidhm.

Eintiteas um shochar Poibli (PBE) is e Bord an CNCC.

b) Ráiteas Comhlíonta

Tá ráitis airgeadais an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 ullmhaithe i gcomhréir FRS 102, 'An Caighdeán Tuairisciú Airgeadais atá infheidhmithe in Éirinn agus sa RA a d'eisigh an Bardas um Thuairisciú Airgeadais, agus ar fógraigh Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn iad. Ní chuirtear na forálacha faoi Alt 28, FRS 102 Sochair d'Fhostaithe i bhfeidhm agus níl aitheantas tugtha leis an dliteanas as sochair phinsin todhchaíoch arna fabhraítear iad sa bhliain sna ráitis airgeadais.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dlíteannais áirithe arna ndéantar iad a thomhas ar luach cóir de réir mar atá mínithe sna polasaithe cuntasaíochta thíos.

Is de réir mar atá faofa ag an Aire Sláinte faoin Ordú fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004 atá na ráitis airgeadais déanta.

Táthar tar éis na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach leanúnach i dtaca le míreanna atá measta le bheith ábharach i dtaca le ráitis airgeadais Bhord an CNCC.

d) Ioncam reatha

Deontais ón Oireachtas

Déantar an t-ioncam reatha a thuairisciú ar bhonn fabhraithe, go hiondúil. Mar sin féin, cuirtear Deontais ón Oireachtas ar fáil chun spriocanna atá tiomanta déanta leo a bhaint amach le linn na bliana seachas speansais a d'fhaobhraíodh iad le linn na bliana agus déantar iadsan a thuairisciú ar bhonn fáltas airgid.

Is éard is Tiomantais ná oibleagáidí nó gealltanais íocaíochtaí a dhéanamh san aimsir atá le teacht le hOispidéil Phoiblí nó Phríobháideacha atá ann ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ach nach bhfuil aitheanta fós mar dhliteanas sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Tá othair phoiblí tar éis glacadh le tairiscintí cóireála, le luach measta de €5m, faoin dáta tagartha maidir le tuairisciú lena dtarlófaí an chóireáil le linn na bliana ina dhiaidh. Ós rud é go n-ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, níl na tiomantais seo tuairiscithe mar dhliteanas ag an dáta tagartha maidir le tuairisciú.

Ioncam ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Déantar tuairisc ar ioncam ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sna cuntais don bhliain ina gcuirtear an cúram leighis ar fáil. Ó 2017 i leith, tá an CNCC ag fáil a chuid maoiniúcháin go díreach ón Roinn Sláinte.

Ioncam Eile

Déantar tuairisc ar ioncam reatha eile ar bhonn fáltais airgid.

e) Caiteachas ar chúram othar

Déantar tuairisc ar chaiteachas ar sholáthar cúraim sna cuntais don bhliain ina gcuirtear an cúram leighis ar fáil.

f) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Is ar a gcostas lúide an dímheas carnach atá maoin, gléasra agus trealamh léirithe, oiriúnaithe d'aon soláthar le bearnúchán. Tuairiscítear an dímheas ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh de réir méid cothroim agus ar rátaí a dhéantar iad a mheas ar mhaithe leis na sócmhainní a laghdú go dtí luacha iarmharacha faoi dheireadh an saol atá beartaithe dóibh a bheith fós tairbhiúil mar seo a leanas:

Bogearra agus Trealamh Ríomhaireachta	20% sa bhliain
Trealam h Oifige	20% sa bhliain
Troscán agus feistis	10% sa bhliain

Is éard atá i gceist leis an luach iarmharach ná an luach measta a bhainfear amach ó dhíuscairt sócmhainne faoi láthair, tar éis do na costais measta diúscairte a bheith bainte de, de réir mar a bheadh an sócmhainn roimhe seo ar an aois lena mbeifear ag súil leis a bheith mar dheireadh a shaol úsáide, agus an baill sin air.

Déantar caiteachas a tabhaíodh trí fhorbairt na ríomhchóras a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhse ina bhfuil sé beartaithe go dtarlóidh na deiseanna eacnamaíochta, caiteachas nach beag an luach atá i gceist, agus meastar tairbhe eacnamaíochta don Bhord a bheith ag baint leis agus tréimhse mharthanachta de bhreis is bliain amháin amach romhainn. Tá uasteorainn de 5 bliana leis an tréimhse seo. Sa chás nach bhfuiltear go hiomlán cinnte maidir leis an tairbhe thodhchaíoch i gceist le caillteanas laguithe, tuairiscítear é sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

g) aAn Fardal

Ós rud é nach gcoimeádann an Bord aon fhardal ábharach, déantar na hilmhíreanna intomhalta go léir (mar shampla, an stáiseanóireacht, an t-ábhar clóbhuailte etc.) a thuairisciú go hiomlán sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe sa tréimhse inar tabhaíodh iad den chéad uair.

h) Suimeanna Infhaighte

Déantar suimeanna infhaighte a thuairisciú ar luach cóir, lúide an soláthar le fiachas amhrasach. Foráil ar leith is ea an soláthar le fiachas amhrasach, agus cruthófar é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Bord an CNCC in ann na suimeanna uile atá amach aige a bhailiú. Tuairiscítear do na hathruithe go léir i soláthar na bhfiach amhrasach sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe.

i) Léasanna Oibriúcháin

Tuairiscítear don caiteachas ar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe thar fadthréimhse an léasa. Tuairiscítear an caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa.

j) Sochar Fostaí

Sochair Ghearrthéarmacha

Áirítear sochair ghearrthéarmacha, dála an phá saoire, mar chaiteachas a tharla sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh bliaina sna suimeanna Iníochta sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Sochair Scoir

Is trí scéim shochair shainithe a chuirtear teidlíochtaí pinsin ar fáil do na fostaithe atá ar fostú go díreach leis an mBord. De réir treoir an Aire Sláinte, ní dhéanfar aon fhorail leis na ráitis airgeadais i dtaca le sochair phinsin todhchaíoch. Cuirtear maoiniúchán ar fáil de réir mar a íoctar íocaíochtaí pinsin.

Tuairiscítear ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear ó thuarascálacha fostaithe mar ioncam sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe. Is ag an tráth ar a íoctar iad a ghearrtar íocaíochtaí pinsin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe.

Chomh maithe leis sin, déanann an CNCC an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair") gur scéim shochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin.

Is leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íochtar ranníocaíochtaí de chuid bhaill na Scéime Aonair.

Fanann na sochair phinsin atá ag baill foirne a thugtar do Bhord an CNCC faoi dhualgas an mháthair-chomhlachta. Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe a tuairiscítear an costas don fhostóir a maidir leis na sochair seo agus cuirtear ar aghaidh é don mháthairchomhlacht.

k) An cuntas caipitil

Léiríonn an cuntas caipitiúil an tsuim neamhamúchta ioncaim lena dtuairiscítear don chaiteachas caipitiúil. Aistrítear suimeanna ón taisce seo leis an Taisce Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe ar aon dul le dímheas agus díluacháil sócmhainní.

l) Idirbhearta airgeadra eachtraigh

Maidir le hidirbhearta airgeadra eachtraigh a dhéantar le linn na tréimhse, is ar an ráta malairte ar lá a tharlaíonn an idirbheart a áirítear an luach atá i gceist leis.

m) Cinntí agus meastacháin maidir leis an gCuntasaíocht Chriticiúil

Chun ráitis airgeadais a ullmhú caithfidh an bainisteoireacht cinntí, meastacháin agus barúla a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear mar shócmhainní agus dliteanais ag an dáta tagartha maidir le tuairisciú agus ar na suimeanna a thuairiscítear iad mar ioncam reatha agus mar speansais le linn na bliana. Ós rud é gur meastachán atá i gceist, tá seans maith ann go mbeidh difríocht idir na torthaí iarbhír agus na cinn mheasta. Mar sin féin, ní dhearnadh aon chinntí ann lena ndearnadh tionchar suntasach ar shuimeanna a tuairiscíodh sna ráitis airgeadais le haghaidh 2017.

An Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag Bord an CNCC ar saolttréimhsí na sócmhainní agus ar na luacha iarmharacha atá gaolhair le gach aon aicme de shócmhainn sheasta daingneáin agus feistis agus tháinig an Bord ar an tuairim go raibh soaltréimhsí na sócmhainní agus na luacha iarmharacha iomchuí.

2. Deontais ón Oireachtas

Is mar seo a leanas na deontais ón Oireachtas a leithdháiltear iad le vóta Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála ó Vóta 38, Sláinte, mar atá tuairiscithe sna ráiteas airgeadais;

		2017	2016
		€	€
Deontais le haghaidh caiteachas reatha	**Ceannteidil E3**	22,600,000	5,100,000

3. Ioncam ón FSS

	2017	2016
	€	€
Tionscnamh Seachfhoinsithe CNCC/FSS	0	28,767,120

Nóta: I mblianta eile roimhe seo thug an CNCC tacaíocht riaracháin do thionscaimh speisialta de chuid an FSS faoinar tugadh cóireáil ar fáil do na hothair phoiblí sin a bhí ag fanacht leis an tréimhse is faide in ospidéil phríobháideacha. Is éard a bhí i gceist leis an tacaíocht sin ná íocaíochtaí a dhéanamh amach do na hospidéil phríobháideacha rannpháirteacha. Is faoin Cheannteidil I1 - I4 sa Roinn Sláinte a thagann an maoiniú seo agus tuairiscítear leis an FSS é. Is ionann an caiteachas a tabhaíodh i dtaca le caiteachas um chúram othair in 2017 agus a ndearna an CNCC é a phróiseáil sa tslí seo le linn 2017 agus €0 (2016 - €28.77m).

4 (a) Caiteachas ar Chúram Othar

Le linn 2017, bhain roinnt caiteachas a thabhaíodh ag an CNCC le híocaíochtaí le hospidéil phríobháideacha agus phoiblí chun seirbhísí othar inmheánacha agus seachtracha a chur ar fáil d'othair a bhí ag feitheamh le breis is 18 mí. Tá an caiteachas briste síos de réir íocaí agus speisialtachta mar seo a leanas:

4 (b) Caiteachas ar Chúram Othar de réir íocaí

	2017	2016
	€	€
Ospidéil Phríobháideacha	9,948,651	30,387,932
Ospidéil Phoiblí	3,101,350	-
Iomlán	**13,050,001**	**30,387,932**

4 (c) Caiteachas ar Chúram Othar de réir speisialtachta

	2017	2016
	€	€
An Oftailmeolaíocht	5,712,388	2,338,225
An Ortaipéidic	1,946,811	12,958,057
An Mháinliacht Ghinearálta	1,140,012	3,533,586
An Mhaínliacht Chairdiach / An Chairdeolaíocht	1,409,204	614,518
CSS	1,254,436	4,286,291
An Mháinliacht Shoithíoch	629,579	1,219,941
An Úireolaíocht	496,315	1,203,697
An Ghínéiceolaíocht	283,355	1,416,340
Máinliacht Bhéil / Fiacla	147,195	208,575
An Mháinliacht Phlaisteach Neamhchosmáideach	29,791	1,402,816
An Raideolaíocht	914	408,064
An Néaramháinliacht	0	652,283
An Mháinliacht Deirmeolaíochta	0	78,846
An Réamaiteolaíocht	0	35,832
An Bhainistíocht Phiain	0	26,741
An Néareolaíocht	0	4,119
Iomlán	**13,050,001**	**30,387,932**

5. Speansais Riaracháin

	2017	2016
	€	€
Párolla (Nóta 6)	2,481,460	2,061,662
Cíos oifige	603,805	603,805
Speansais Ríomhaireachta	177,907	295,070
Speansais oifige	185,205	154,172
Iompar agus Taistil	67,239	79,334
Seirbhísí Gairmiúla	402,516	414,941
Dímheas	58,023	66,082
Táillí Dlí	104,509	38,303
Oiliúint agus Earcaíocht	102,781	56,780
Glantachán agus cothabháil an áitribh	24,860	23,261
Árachas	12,502	11,059
Fógraíocht agus Ardú Céime	134,273	78,062
Táillí Iniúchóireachta	16,000	14,000
Costais Ilghnéitheacha	2,512	2,554
Táillí Bainc	532	604
Iomlán	4,374,123	3,899,689

Áirítear na costais chun ról an CNCC a riar faoin Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais sna tuarastail agus forchostais. B'ionann na costais seo agus €313,088 (2016 - €375,566).

6. 5. Luach Saothair

6 (a) Sochair Fostaithe Comhiomlán

	2017	2016
	€	€
Sochair Ghearrthéarmacha Foirne	2,235,889	1,807,124
Íocaíochtaí pinsean	66,415	62,104
Ranníocaíocht Fostóra don leas sóisialach	179,156	192,434
Costas Párolla Iomlán	2,481,460	2,061,662

	2017	2016
	€	€
Líon na foirne fostaithe (FTE) ag deireadh na bliana (FTE)	40	44

Nóta: Le linn 2017 bhí triúr fostaithe amach ar iasacht shealadach do Ghníomhaireachtaí Sláinte eile agus tá sé sin ag brath ar thoradh cinneadh atá le déanamh ag an Roinn Sláinte ar ról an CNCC. Déantar na costais a bhaineann leis na baill foirne seo a fhorchúiteamh ó na Gníomhaireachtaí i gceist. Rinneadh aon fhostaí déag sa bhreis ar sin a shannadh do Ghníomhaireachtaí Sláinte gan aon fhorchúiteamh tuarastail don Bhord, agus costas tuarastail de €264,913 i gceist leo (2016 - €393,537). Sna cásanna sin ní raibh aon chostas breise don Roinn. Faoin 31 Nollaig 2017, bhí gach aon fhostaí ar iasacht tar éis dóibh éirigh as a bheith amach arís, bhíodh sé go raibh siad tar éis a aistriú ar bhonn buan go dtí Gníomhaireachtaí eile nó go raibh siad tar éis filleadh ar ais chun obair leis an CNCC.

6 (b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2017	2016
	€	€
Bunphá	2,200,778	1,804,937
Liúntais	1,833	2,187
Iomlán	2,202,611	1,807,124

Níor íocadh aon sochair ragoibre nó sochair scoir sa bhliain (2016 - faic).

6 (c) Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh

2017	2016
€	€
82,110	-

Ceapadh an Príomhoifigeach feidhmiúcháin (POF) le héifeacht ón 4 Bealtaine 2017. Íocadh €82,110 leis an POF i dtaca lena cháilíocht mar POF in 2017. Ní bhfuair an iar-POF gníomhach aon luach saothair ón CNCC i dtaca lena cháilíocht mar POF gníomhach. Chomh maith lena chuid dualgas mar POF aisteoireacht leis an CNCC d'fheidhmigh sé mar Stiúrthóir Náisiúnta Cunta in Oifig an Stiúrthóra Ghinearálta san FSS agus d'íoc an FSS leis ar aon dul leis na scálaí pá comhdhlúite de chuid an FSS.

Tá an Príomhoifigeach feidhmiúcháin ina bhall i Scéim Aoisliúntas an CNCC agus ní théann a gcuid dteidlíochtaí maidir le níos faide thar théarmaí shamhail scéime aoisliúntais sa tseirbhís poiblí. Ní áirítear luach na sochar scoir a thoilltear le linn na tréimhse i gceist san ábhar thuas ag seo.

6 (d) Baill Bainisteoireachta Príomhúla

Le comhaltaí príomhúla an CNCC cuimsítear comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach feidhmiúcháin,an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir TFC Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide Léiritheoir, an Stiúrthóir Iniúchta & Dearbhuithe Cáilíochta agus Stiúrthóir na Nuálaíochta maidir le Próisis. Is mar seo a leanas atá luach iomlán na sochar fostaithe a bhaineann leis na baill bainisteoireachta príomhúla:

	2017	2016
	€	€
Tuarastal	644,982	408,651

Nóta: Ní áirítear luach na sochar scoir a thoilltear le linn na tréimhse i gceist i dtuarastal na foirne bainisteoireachta príomhúla. Tá baill bainisteoireachta príomhúla, lena n-áirítear comhaltaí an Bhoird, ina mball i Scéim Aoisliúntas an CNCC agus ní théann a gcuid dteidlíochtaí maidir le níos faide thar théarmaí shamhail scéime aoisliúntais sa tseirbhís poiblí.

6 (e) Briseadh síos sochar fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a aicmiú i mbandaí mar seo a leanas;

		Líon na bhFostaithe	
Ó	**Go dtí**	**2017**	**2016**
€60,000	- € 69,999	4	4
€70,000	- €79,999	-	2
€80,000	- €89,999	3	-
€90,000	- €99,999	-	-
€100,000	- €109,999	-	1
Iomlán		**7**	**7**

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear mar shochair gearrthéarmacha don bhfostaí maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, liúntais, agus aon íochaíochtaí eile a dhéantar in ainm an fhostaithe, ach ní áirítear leo ASPC an fhostóra.

6 (f) Comhaltaí an Bhoird

	Bord	An Coiste Iniúchóireachta & Riosca	An Coiste Straitéise	Táillí 2017 €	Speansais 2017 €
Líon cruinnithe	**8**	**4**	**3**		
John Horan (Cathaoirleach)	8			11,970	1,137
Patricia Byron	4			4,489	0
Bernadette Costello	8	4		0	4,624
Patrick Gibbons	8	4		7,695	172
James Melly	8		3	7,695	379
Jack Nagle	8		3	7,695	2,056
Terry McWade	8	4		7,695	0
Brendan O'Donoghue	6	3	3	7,695	0
Anne Stewart	4			4,489	0
Anne-Marie Taylor	1		1	1,283	0
Sheila Bailey	1			1,283	0
				61,989	8,368

De réir an pholasaithe Aon Tuarastal don Duine ar Leith, ní bhfuair stiúrthóir amháin, Bernadette Costello, aon táille Boird.

Tá beirt chomhaltaí de chuid an Bhoird, Sheila Bailey agus Anne-Marie Taylor, a chríochnaigh a dtéarma oifige ar an 27 Feabhra 2017.

7. Maoin, Gléasra & Innealra

	Trealamh agus Bogearra Ríomhaireachta	Trealamh oifige	Troscán, Daingeáin agus Feistis	Iomlán
Ráta Dímheas	**20%**	**20%**	**10%**	
	€	**€**	**€**	**€**
Costas				
Amhail an 1 Eanáir 2017	4,785,279	158,632	386,434	5,330,345
Breiseanna	59,495	1,046	4,672	65,212
Diúscairtí	(1,390)	(4,514)	-	(5,904)
Amhail an 31 Nollaig 2017	4,843,383	155,164	391,106	5,389,654
Dímheas				
Amhail an 1 Eanáir 2017	(4,693,056)	(153,621)	(384,494)	(5,231,171)
Táille don bhliain	(54,715)	(2,155)	(1,152)	(58,023)
Diúscairtí	1,390	4,514	-	5,904
Amhail an 31 Nollaig 2017	(4,746,380)	(151,263)	(385,646)	(5,283,289)
Glanluach de réir na leabhar				
Amhail an 1 Eanáir 2017	92,223	5,010	1,941	99,174
Net movement for the year	4,780	(1,110)	3,519	7,190
Amhail an 31 Nollaig 2017	97,003	3,900	5,460	106,364

8. Infháltais agus Réamhíocaíochtaí

	2017	2016
	€	€
Infháltais - Ramhíocaíochtaí an FSS	0	173,388
Il- Réamhíocaíochtaí	92,606	220,272
Ilinfháltais eile	10,393	5,531
Iomlán	102,999	399,191

9. Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh

	2017	2016
	€	€
Cuntas Bainc Reatha	14,247,553	1,725,972
Mionairgead	300	300
Iomlán	14,247,853	1,726,272

10. Suimeanna Iníoctha Cúraim agus Fabhruithe Cúraim

	2017	2016
	€	€
Suimeanna Iníoctha Cúraim	81,854	325
Fabhruithe Cúraim	7,545,098	930,866
Iomlán	7,626,952	931,191

11. Suimeanna Iníoctha Neamhchúraim agus Fabhruithe Neamhchúraim

	2017	2016
	€	€
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	275,557	140,626
ÍMAT / ÁSPC agus Tobhaigh Rialtais	54,933	57,375
Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe eile Neamhchúraim	378,870	162,083
Iomlán	709,360	360,084

12. Cuntas Caipitil

	2017	2016
	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	99,174	125,278
Cistí leithdháilte chun sócmhainní seasta a shealbhú	65,212	39,978
Amúctha ar aon dul le dímheas sócmhainne	(58,023)	(66,082)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	106,363	99,174

13. Léasanna Oibriúcháin

Tá an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála lonnaithe in Ashford House, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2 de réir léasa a cuireadh tús lena fheidhm ar an 1 Eanáir 2016 agus a n-éagfar ar an 31 Nollaig 2020. Is ionann an t-achar urláir iomlán sa bhfoirgneamh agus 935m2 agus ag am an tuairisc seo tá 80% de faoi sheilbh an CNCC. Agus an ról atá ag an CNCC ag síneadh amach go leanúnach, faoi dheireadh 2018 beifear ag úsáid 100% den spás oifige atá ar fáil. Is ionann luach cíosa an spáis nach bhfuil ar úsáid ag an dáta tagartha maidir le tuairisciú agus €120,000.

Cíosanna maidir le léasanna oibriú (gearrtha	2017	2016
don Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Coinnithe);	€	€
Tailte agus Foirgnimh	603,805	603,805

Tá na tiomantais seo a leanas ag an mBord	2017	2016
faoi bhun léasanna oibriúcháin atá chun éag	€	€
Laistigh de 1 Bhliain amháin	603,805	603,805
Laistigh d'idir 2 agus 5 bliana	1,811,415	2,415,218

Is ionann na léasanna oibriúcháin a tuairiscíodh mar speansais agus €603,805 (2016 €603,805)

14. Faisnéis a Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara

Le comhaltaí príomhúla an CNCC cuimsítear comhaltaí an Bhoird, an POF agus bainisteoirí sinsearacha. Féach Nóta 6 chun teacht ar bhriseadh síos ar an tuarastal agus ar na sochair a íoctar leis na comhaltaí.

Glacann bord an CNCC le gnásanna a réitíonn leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a lena gcuimsítear leasa pearsanta chomhaltaí an Bhoird. I ngnáthchúrsa gnó féadfar do Bhord an CNCC socruithe conartha a dhéanamh le ghnólachtaí ina bhfuil comhaltaí de chuid Bhord an CNCC fostaithe nó ina bhfuil leasa de chineáil eile acu iontu.

Ní raibh aon ghnó ag Bord an CNCC le haon ghnólacht a bhfuil baint aige le haon de chomhaltaí an Bhoird le linn na bliana.

15. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh Bord an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála na Ráitis Airgeadais ar an 3 Nollaig 2018.

Aguisín 2 - Staidreamh maidir le Liostaí Feithimh

Liosta Feithimh d'Othair Chónaitheacha agus d'Othair Lae de réir Ospidéil, Nollaig 2017



Liosta Feithimh Iomlán d'Othair Chónaitheacha agus d'Othair Lae, Nollaig									
Grúpa	Ospidéal	0-3 Mí	3-6 Mí	6-9 Mí	9-12 Mí	12-15 Mí	15-18 Mí	18+ Mí	Móriomlán
Grúpa Ospidéil na Leanaí	Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid an Teampaill	471	286	157	126	101	45	33	1219
	Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn	715	464	447	324	251	217	424	2842
	Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht	186	154	127	61	32	28	32	620
Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre	An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise	114	136	107	46	29	1	1	434
	An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór	666	441	316	252	117	96	191	2079
	Ospidéal Ginearálta an Náis	52	15	13	5	6			91
	Ospidéal San Séam	1574	961	827	636	480	220	518	5216
	Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht	1441	831	640	420	321	225	298	4176
Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann	Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapaí	579	552	369	238	45	23	7	1813
	Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae	1721	1325	1036	638	476	341	304	5841
	An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, an Muileann gCearr	137	63	33	4				237
	Ospidéal Mhuire, An Uaimh	389	145	57	16	4		1	612
	Ospidéal Súil is Cluas Victoria Ríoga	861	626	452	324	213	25	32	2533
	Ospidéal Cholm Cille	192	22	3					217
	Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcáis, Cill Cheannaigh	316	165	85	94	59	16	2	737
	Ospidéal Naomh Micheál, Dún Laoghaire	274	166	91	82	64	27	2	706
	Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann	994	464	349	232	112	55	47	2253
	Ospidéal Ginearálta Loch Garman	161	50	9	3				223
Grúpa Ospidéal RCSI	Ospidéal Beaumont	2159	1591	1080	660	302	80	164	6036
	Ospidéal Ginearálta an Chabháin	407	101	61	17				586
	Ospidéal Uí Chonghaile	644	304	231	81	9	1	1	1271
	Ospidéal Chontae Lú	341	150	39	5				535
	Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha	411	239	129	50				829
Grúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta	Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh	3379	2137	1784	1534	945	583	1204	11566
	Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn	790	635	475	333	261	134	81	2709
	Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo	784	499	238	79	28	14	30	1672
	Ospidéal Portiuncula	142	74	22	23	5			266
	Ospidéal Ros Comáin	484	402	282	300	267	163	143	2041
	Ospidéal Réigiúnach Shligigh	1207	700	491	401	277	159	143	3378

Liosta Feithimh Iomlán d'Othair Chónaitheacha agus d'Othair Lae, Nollaig									
Grúpa Ospidéal an Deisceart/an Iardheiscirt	Ospidéal Ginearálta Bheanntraí	11	4						15
	Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh	577	267	196	120	125	72	140	1497
	Ospidéal Máithreachais Ollscoil Chorcaí	122	80	86	71	20	15	31	425
	Ospidéal Ginearálta Chiarraí	108	25	14	6				153
	Ospidéal Ortaipéideach Lourdes, An Choill Chríon	316	46	9	3				374
	Ospidéal Ginearálta Mhala	72	40	46	14	11			183
	Ospidéal Ollscoile na Trócaire	595	299	179	101	75	35	30	1314
	An Otharlann Theas - Ospidéal Ollscoile Victoria	1310	749	337	187	71	42	33	2729
	Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas	180	28	41	1				250
	Ospidéal Ollscoile Phort Láirge	1824	1147	971	919	589	303	438	6191
Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh	Ospidéal Ortaipéideach Chromadh	229	27	4	1		1		262
	Ospidéal na hInse	321	105	71	80	73	81		731
	Ospidéal an Aonaigh	359	236	120	171	17	6		909
	Ospidéal Naomh Eoin, Luimneach	421	227	170	131	76	18		1043
	Ospidéal Ollscoile Luimnigh	890	521	326	349	268	135	165	2654
Móriomlán		**28926**	**17499**	**12520**	**9138**	**5729**	**3161**	**4495**	**81468**

Liosta Feithimh d'Othair Chónaitheacha agus d'Othair Lae de réir speisialtachta, Nollaig 2017:



Briseadh síos ar na hOthair Chónaitheacha agus d'Othair Lae de réir Ghrúpa, Nollaig 2017:



Liosta Feithimh Iomlán na n-Othar Cónaitheach, 2013 - 2017:



Gnáthamh Scóipe Gastaistéigí % Nollaig 2017:



Briseadh síos ar Ghnáthaimh Scóipe Gastraistéigí de réir Ghrúpa, Nollaig 2017:



Liosta Feithimh le haghaidh Gnáthamh Scóipe Gastaistéigí, Nollaig 2017



Liosta Feithimh Iomlán le haghaidh Gnáthamh Scóipe Gastaistéigí, Nollaig 2017									
Grúpa	Ospidéal	0-3 Mí	3-6 Mí	6-9 Mí	9-12 Mí	12-15 Mí	15-18 Mí	18+ Mí	Móriomlán
Grúpa Ospidéil na Leanaí	Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid an Teampaill								
	Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn	119	73	36	9	5			242
	Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht	41	31	2					74
Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre	An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise	103	68	44	33	8			256
	An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór	176	74	44	21	5	1		321
	Ospidéal Ginearálta an Náis	288	269	299	203	37	19	53	1168
	Ospidéal San Séam	740	27	28	16		1		812
	Ospidéal Thamhlachta	713	563	115	14	4	1		1410
Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann	Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae	13	6	6	1	1			27
	An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, an Muileann gCearr	283	25						308
	Ospidéal Mhuire, An Uaimh	83		1					84
	Ospidéal Cholm Cille	6	3	1					10
	Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcáis, Cill Cheannaigh	366	186	104	86	35	24		801
	Ospidéal Naomh Micheál, Dún Laoghaire	369	350	147	19	4			889
	Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann	183	2						185
	Ospidéal Ginearálta Loch Garman	206	120	70	16				412
Grúpa Ospidéal RCSI	Ospidéal Beaumont	649	81	1					731
	Ospidéal Ginearálta an Chabháin	256							256
	Ospidéal Uí Chonghaile	549	173	1					723
	Ospidéal Chontae Lú	429	58						487
	Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha	140	1						141
Grúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta	Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh	789	435	309	249	46	44	82	1954
	Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn	526	322	162					1010
	Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo	182	74	38	45	4	3	2	348
	Ospidéal Portiuncula	89	4						93
	Ospidéal Ros Comáin	82							82
	Ospidéal Réigiúnach Shligigh	354	52	9					415

Liosta Feithimh Iomlán le haghaidh Gnáthamh Scóipe Gastaistéigí, Nollaig 2017									
Grúpa Ospidéal an Deisceart/ an Iardheiscirt	Ospidéal Ginearálta Bheanntraí	116							116
	Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh	80	31	20	4	1		2	138
	Ospidéal Ginearálta Chiarraí	260	4						264
	Ospidéal Ginearálta Mhala	72	22	3					97
	Ospidéal Ollscoile na Trócaire	258	113	54	11	8		1	445
	An Otharlann Theas - Ospidéal Ollscoile Victoria	104	14						118
	Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas	305	40	1					346
	Ospidéal Ollscoile Phort Láirge	217	150	152	85				604
Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh	Ospidéal na hInse	210	25	4					239
	Ospidéal an Aonaigh	214	113	4					331
	Ospidéal Naomh Eoin, Luimneach	184	141	35	3				363
	Ospidéal Ollscoile Luimnigh	500	438	231	118	31			1318
Móriomlán		10254	4088	1921	933	189	93	140	17618

Iomláin Liosta Feithimh le haghaidh Gnáthamh Scóipe Gastaistéigí, 2011-2017:



Liosta Feithimh Iomlán na n-Othar Seachtrach, Nollaig 2017									
Grúpa	Ospidéal	0-3 Mí	3-6 Mí	6-9 Mí	9-12 Mí	12-15 Mí	15-18 Mí	18+ Mí	Móriomlán
Grúpa Ospidéil na Leanaí	Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid an Teampaill	3839	2685	2235	1771	1469	1219	3355	16573
	Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn	4820	2941	1980	1557	1365	1362	3801	17826
	Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht	1664	1223	1164	1079	837	484	828	7279
Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre	Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naíonáin	598	551	445	425	443	324	72	2858
	An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise	1622	1194	787	526	262	161	77	4629
	An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór	3384	2427	2188	1802	1304	1082	3138	15325
	Ospidéal Ginearálta an Náis	2377	1341	1026	670	527	470	1206	7617
	Ospidéal San Séam	7309	3310	2075	1361	835	507	1432	16829
	Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht	6603	4775	3465	2937	2392	1930	4706	26808
Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht	Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapaí	887	345	315	209	121	92	4	1973
	Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae	10084	6820	4555	3510	2813	2149	4122	34053
	An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, an Muileann gCearr	2488	1883	1360	643	383	247	652	7656
	Ospidéal Mhuire, An Uaimh	1589	1304	1070	679	473	237	233	5585
	Ospidéal Súil is Cluas Victoria Ríoga	2204	1487	1375	1311	1184	1124	3412	12097
	Ospidéal Cholm Cille	794	421	369	224	261	161	742	2972
	Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcáis, Cill Cheannaigh	1875	605	247	143	64	19	1	2954
	Ospidéal Naomh Micheál, Dún Laoghaire	1282	615	294	152	105	67	55	2570
	Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann	7660	3413	2650	2011	1051	712	1234	18731
	Ospidéal Ginearálta Loch Garman	1318	587	201	43	14			2163
Grúpa Ospidéal RCSI	Ospidéal Beaumont	8280	4972	3599	2773	1782	1493	3190	26089
	Ospidéal Ginearálta an Chabháin	2201	1714	1673	940	647	555	955	8685
	Ospidéal Uí Chonghaile	4021	2297	1377	1002	811	572	1440	11520
	Ospidéal Chontae Lú	924	617	394	253	68	9	9	2274
	Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha	4048	2812	2469	1375	827	388	818	12737
	Ospidéal an Rotunda	1675	924	614	508	250			3971

Liosta Feithimh Iomlán na n-Othar Seachtrach, Nollaig 2017									
Grúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta	Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh	12469	6723	5074	4014	2897	2372	4855	38404
	Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn	4072	2840	2228	1635	1064	831	1830	14500
	Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo	2708	1091	710	645	628	569	2170	8521
	Ospidéal Portiuncula	1463	800	590	388	235	143	69	3688
	Ospidéal Ros Comáin	937	326	312	282	231	217	578	2883
	Ospidéal Réigiúnach Shligigh	4442	2808	1681	1245	877	546	810	12409
Grúpa Ospidéal an Deisceart/ an Iardheiscirt	Ospidéal Ginearálta Bheanntraí	672	302	140	64	14	3		1195
	Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh	7648	4403	3317	2888	1956	1015	2250	23477
	Ospidéal Máithreachais Ollscoil Chorcaí	1092	655	527	543	454	247	274	3792
	Ospidéal Ginearálta Chiarraí	2467	1939	1510	962	801	610	1439	9728
	Ospidéal Ginearálta Mhala	879	586	353	343	219	155	136	2671
	Ospidéal Ollscoile na Trócaire	1900	929	651	555	305	234	516	5090
	An Otharlann Theas - Ospidéal Ollscoile Victoria	6085	3159	2933	2467	1681	1568	4163	22056
	Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas	1532	729	414	204	176	163	200	3418
	Ospidéal Ollscoile Phort Láirge	7875	5128	4418	3899	3283	2792	8842	36237
Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh	Ospidéal Ortaipéideach Chromadh	1161	974	851	735	596	634	1952	6903
	Ospidéal na hInse	355	283	234	239	108	56	122	1397
	Ospidéal an Aonaigh	317	188	172	100	162	50	76	1065
	Ospidéal Naomh Eoin, Luimneach	539	297	119	60	50	13	1	1079
	Ospidéal Ollscoile Luimnigh	8449	5234	4526	3618	2559	1988	4139	30513
Móriomlán		150608	90657	68687	52790	38584	29570	69904	500800

Othair Sheachtracha de réir Speisialtachta, Nollaig 2017 (10 is airde):



Liosta Feithimh na n-Othar Seachtrach de réir Ospidéil, Nollaig 2017



Briseadh síos ar Othair Sheachtracha de réir Ghrúpa, Nollaig 2017:



Liosta Feithimh Iomlán na n-Othar Seachtrach, 2013 - 2017:



Aguisín iii - Nochtadh Cosanta Bliantúil

Ní raibh aon nochtadh cosanta ann in 2017.

ntpf

an ciste náisiúnta um cheannach cóireála
the national treatment purchase fund